



## **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012**

### **Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh**

Tá an timpeallacht bia ag éirí níos dinimiciúla agus níos casta an t-am ar fad, de bharr an domhandaithe agus an tsíorleathnaithe atá á dhéanamh ar an slabhra bia. Dúshláin is ea iad sin do

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

rialaitheoirí agus do ghairmithe sláinte agus dóibh siúd a sholáthraíonn bia, cibé mar tháirgeoirí, déantóirí, dáileoirí, miondíoltóirí nó lónadóirí. Cuireann na meáin spéis i ngach aon ghné den bhia agus de thimpeallacht an bhia. Dúshlán eile is ea é tomhaltóirí a choimeád ar an eolas agus muinín a chothú iontu as an soláthar bia, i bhfianaise tionscal an agraibhia a bheith chomh tábhachtach sin do gheilleagar an oileáin. Lena chois sin, tá an fás atá ag teacht ar mhurtall ar cheann de na fadhbanna sláinte phoiblí is mó sa domhan forbartha.

Leanamar sa bhliain 2012 dár n-acmhainní a dhíriú ar na fadhbanna sin i bhfeachtais ilmheáin dírithe ar thomhaltóirí, sna meáin shóisialta agus in áiteanna eile, le tacaíocht ó fhianaise ó na cláir thaighde eolaíochta is fearr dá bhfuil ann móide ár gcuid taighde féin.

Cuid ríthábhachtach dár gcuid oibre is ea dul i mbun comhpháirtíochta le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile. Déanaimid ár gcuid oibre, ar mhaithe le sábháilteacht bia, dea-nósanna iteacháin, tionscnaimh maidir le cothú agus i réimsí eile i gcomhar le raidhse eagraíochtaí eile, idir phoiblí, phríobháideach agus dheonach – chun ardchaighdeáin sa tsláinte phoiblí a bhaint amach agus a choimeád. Creidimid gurb é an tslí le toradh maith a bhaint amach don saoránach ár bhfreagrachtaí a roinnt agus dul isteach i ngaolmhaireachtaí gairmiúla cuiditheacha mar gheallsealbhóir.

I 2012, dhírigh ár bhfeachtais do thomhaltóirí ar fhadhbanna éagsúla lena n-áirítear murtall, cothú agus sábháilteacht bia. San fheachtas 'Stop the Spread' (Cuir Stop leis an Leathadh) sa chéad chuid den bhliain tugadh pointe tagartha úsáideach do thomhaltóirí le gur féidir leo murtall a aithint agus beart praiticiúil a dhéanamh más gá. Sa dara leath den bhliain chuireamar romhainn tomhaltóirí a spreagadh chun smaoineamh ar shliote ina bhféadfaí an chistin a dhéanamh níos sábháilte e.g. an t-éadach soithí a athrú gach dara lá. Díríodh ar chur amú bia i bhfeachtas eile, agus cuireadh an bhéim ar an difríocht idir an dáta 'úsáid roimh' agus an dáta 'is fearr é roimh'. I dteachtaireachtaí séasúracha ó cheann ceann na bliana cuireadh an bhéim ar shábháilteacht bia agus ar dhea-nósanna iteacháin ag an tráth sin den bhliain, e.g. fulachtaí samhraidh.

Rinneamar urraíocht ar an gclár teilifíse 'Operation Transformation' a mbíonn lucht féachana mór aige i gcónaí, ag díriú ar chúigear a dhéanann iarracht meáchan a chailliúint. Tuairiscíodh an clár go forleathan sna meáin, agus d'fhéach 500,000 nó mar sin ar gach clár. Dhírigh sé aird an phobail ar an gá atá le réim bia cothromaithe cothaitheach, agus le stíl mhaireachtála shláintiúil.

Bunaíodh ár gcomhaontais eolaíochta faoin teideal 'Knowledge Networks' (Líonraí Eolais) chun feachtas ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht bia a chur chun cinn i measc gairmithe ar spéis leo nó a bhfuil cúram orthu as sábháilteacht bia. Cabhróidh na líonraí comhoibritheacha agus ar líne seo chun eolas a scaipeadh agus chun naisc a chruthú idir ghairmithe ar fud an tslabhra bhia. Bhí 1,400 ball sna líonraí sin ón oileán ar fad faoi dheireadh na bliana 2012 agus tionóladh roinnt comhdhálacha suntasacha i gcaitheamh na bliana agus tugadh cuireadh d'aoi-chainteoirí idirnáisiúnta.

Coimisiúnaíodh roinnt tionscnamh taighde ar raon leathan ábhar sa bhliain 2012, rud a léirigh an t-aistriú chuig tionscadail níos feidhmiúla agus iarrachtaí chun an bonn fianaise a mhéadú. Bhí ábhair éagsúla i gceist sna comhdhálacha sin, ar ndóigh. Ina measc bhí suirbhé ar chostas an mhurtaill ar oileán na hÉireann, measúnú ar mhicribhitheolaíocht dhromchlaí bia sa timpeallacht miondíola, agus suirbhé ar dhearcadh gairmithe sláinte i leith a mbraistintí i dtaca le meáchan coirp. Beidh na hábhair sin, agus tuilleadh nach iad, ar ár gclár oibre cumarsáide amach anseo. D'fhoilsíomar tuarascálacha, leis, ar iompar maidir le bia, ar shicín agus ar éisc eite.

Leanamar dár dtacaíocht do Chlár Léirithe uile-oileáin **safefood** de Thionscnaimh Bhia Pobail. Tacaíodh le seacht gcinn de thionscnaimh phobail i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Baineadh úsáid as cur chuige forbartha pobail chun an tslí le bia sláintiúil a roghnú a thaispeáint do dhaoine i ngrúpaí ísealioncaim. Rinneadh deich gclár a mheas, agus bunaithe ar an méid a foghlaimíodh uathu, táthar chun tacú le deich dtionscadal eile sa tréimhse 2013-2015.

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

Thacaigh **safefood** le comhpháirtíocht agus le comhar uile-oileáin sa bhliain 2012 i dtaca le murtall agus tearcrochtain bia tríd ár rannpháirtíocht sa Líonra Tearcrochtain Bia Uile-Oileáin, san Fhóram Gníomhaíochta Uile-Oileáin ar Mhurtall, sa Ghrúpa Stiúrtha um Chosc an Mhurtaill i dTuaisceart Éireann, agus sa Ghrúpa Gníomhaíochta Speisialta ar Mhurtall i bPoblacht na hÉireann.

Bhí dúshlán le sárú i 2012, mar a bhí i mblianta roimhe, i dtaca le sábháilteacht bia agus cothú. Dá réir sin, ba mhaith liom mo bhuíochas, agus buíochas Bhord Comhairleach **safefood** agus mo chomhghleacaithe, a ghabháil leo siúd ar fad a d'oibrigh linn i 2012 chun réiteach a fháil ar na dúshlán éagsúla sin. Táim ag tnúth le sláinte an phobail ar oileán na hÉireann a chothabháil agus a fheabhsú agus muinín an tomhaltóra a choimeád sna blianta atá romhainn.

**Martin Higgins**

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ EOLAÍOCHA

**Is iad Stiúrthóireacht Eolaíocht an Bhia agus Stiúrthóireachtaí Sláinte agus Cothú an Duine a sholáthraíonn an fhianaise eolaíochta le haghaidh na dteachtaireachtaí i dtaobh sábháilteacht bia, sláinteachas agus cothú.**

## EOLAÍOCHT AN BHIA

### LÍONRAÍ EOLAIS

Cuid de shainordú **safefood** is ea é feasacht ar cheisteanna sábháilteacht bia a chur chun cinn i measc gairmithe a chuireann spéis i sábháilteacht bia nó a bhfuil cúram orthu as, agus laistigh de thionscal an bhia i gcoitinne. Toisc a thábhachtaí atá sé eolas bunaithe ar an eolaíocht a chur i bhfeidhm chun iomláine agus cáil an tslabhra bia ar oileán na hÉireann a chur chun cinn agus a thacú, theastaigh cur chuige straitéiseach i leith comhair idir eolaithe agus naisc idir bhail den earnáil.

Chuige sin, bhunaigh **safefood** roinnt líonraí comhoibritheacha ar líne sa bhliain 2011, ar a dtugtar 'Líonraí Eolais', chun naisc a chruthú agus a fheabhsú idir ghairmithe sábháilteacht bia ar fud an tslabhra bia; idir tháirgeoirí, phróiseálaithe, dháileoirí agus lucht taighde agus acadóirí. Cuireann na Líonraí ar chumas iad siúd atá páirteach iontu eolas a roinnt.

Bunaíodh na hocht Líonra Eolais seo a leanas: *Verocytotoxigenic escherichia coli* (VTEC); *Salmonella*; *Campylobacter*; *Listeria*; *Cryptosporidium*; Iarmhair cheimiceacha; bith-thocsainí; agus ailléirgí bia agus éadulaingt ar bhia. Saineolaí sa réimse ábhartha a dhéanann gach líonra a éascú.

Tháinig méadú eile ar bhallraíocht sna líonraí i 2012. Ba é 1400 líon na mball sna líonraí ar fad an 31 Nollaig 2012. D'eagraigh gach líonra comhdháil bhliantúil agus d'fhoilsigh nuachtlitir do na bail.

Déantar suíomh Gréasáin na Líonraí Eolais a óstáil ar sheirbhís ar a dtugtar Ning. Tá siarphróiseas feabhsúcháin ann le cinntiú go mbíonn na líonraí oiriúnach dá bhfeidhm i gcónaí. Rinneadh athdhearadh suntasach orthu tar éis athbhreithniú straitéiseach ar na seirbhísí atá ar fáil. Ba iad na cuspóirí é a bheith níos fusa do bhail na líonraí a húsáid, bail nua a mhealladh agus méadú suntasach a dhéanamh ar acmhainní a d'fhéadfaí a úsáid go héasca agus a mhéadódh líon na rannpháirtithe gníomhacha. Ar na geallsealbhóirí atá á mealladh i láthair na huairé tá mic léinn iarchéime agus daoine a oibríonn i dtionscal an bhia.

Cuireadh clár Oiliúna agus Soghluaisteachta na Líonraí Eolais chun cinn ar shuíomh Gréasáin **safefood** agus trí ardán an Líonra Eolais ar líne. Seoladh póstaer agus litreacha chuig ollscoileanna ar oileán na hÉireann. Tacaíonn an clár sin le bail ar mian leo am a chaitheamh in eagraíocht eile chun cur lena n-eolas agus a gcuid taithí ar réimse a bhaineann le hobair na líonraí. Deis den scoth is ea é do bhail cur lena gcuid scileanna agus taithí níos ginearálta a fháil.

Taifeadadh roinnt podchraoltaí, mar chuid den chlár meán sóisialta, agus uaslódáladh iad ar an suíomh Gréasáin. Ina measc bhí agallamh a cuireadh ar Mr. Michael Walker i dtaobh an tslí ina bhféadfaí a líonra ailléirgí bia agus éadulaingt ar bhia a éascú. Dhírigh podchraoltaí eile ar chalaos bia agus ar ailléirgí bia.

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

#### **An Líonra um Ailléirgí Bia agus Éadulaingt ar Bhia**

Reáchtáladh comhdháil bhliantúil an líonra seo i mBealtaine inar díríodh ar cé na tacaíochtaí atá ar fáil do thomhaltóirí. I measc na gcainteoirí bhí an Dr. Trevor Brown, speisialtóir comhairleach in ailléirgí leanaí; Ms. Maureen Paul, Príomhfheidhmeannach 'Allergy NI'; Ms. Regina Cahill, 'Anaphylaxis Ireland'; Ms. Hazel Gowland 'Allergy Action UK'; agus Mr. Billy McCann ó Chumann Céiliach na hÉireann.

Bhí cruinniú eile ag an líonra i mBaile Átha Cliath i Meitheamh i dtaobh na rialachán nua bia ón Aontas Eorpach atá le cur i bhfeidhm ag deireadh 2013 agus an úsáid a bhaintear as tairseacha ailléirginí. Chuir Oifigigh Sláinte Chomhshaoil, grúpaí tacaíochta othar agus miondíoltóirí a raibh imní orthu faoina laghad ama a bhí ann lena gcur i ngníomh, spéis sna rialacháin nua. Aontáodh ag an gcruinniú, leis, gur cheart comhar a bheith ann idir rialtóirí le cinntiú go gcuirí na gnéithe de na rialacháin nua a bhaineann le hailléirginí i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an oileáin. Fuarthas glaonna, leis, ó lucht tionscail, ag lorg anailís níos gasta agus níos saoire ar ailléirginí mar áis le haghaidh measúnú agus bainistíocht riosca ar an láthair.

Óstáladh seimineár Gréasáin i nDeireadh Fómhair maidir le bainistíocht ailléirginí i dtionscal an bhia.

D'eagraigh Anaphylaxis Ireland léacht oscailte i bPoblacht na hÉireann i Meán Fómhair, i gcomhar le Allergy Awareness Week in Northern Ireland.

#### **Líonra na nIarmhar Ceimiceach**

Eagraíodh cruinniú bliantúil an líonra i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra. Pléadh ag an gcomhdháil fadhbanna atá ag teacht chun cinn i dtaca le hiarmhair drugaí agus friotaíocht drugaí, agus thug sí breis is 100 toscaire le chéile ó oileán na hÉireann agus ón Eoraip (lucht acadaimh, tionscail agus rialála).

#### **Líonraí *Campylobacter*, *listeria*, *salmonella*, agus VTEC**

Eagraíodh comhchruinniú de cheithre líonra i mBéal Feirste i mBealtaine. Tháinig geallsealbhóirí agus taighdeoirí atá ag obair ar phataiginí bia-iompartha baictéaracha le chéile sa chomhdháil dhá lá.

Ba é an tOllamh Mansel Griffity as Guelph, Ceanada, a thug an príomhóráid ar fhadhbanna agus dúshláin dhomhanda atá ag teacht chun cinn ó thaobh breoiteacht bia-iompartha a chosc.

#### **An Líonra Bith-thocsainí**

Eagraíodh comhdháil i mBéal Feirste i Samhain ar mhiceatocsainí agus tocsainí planda agus an tionchar a bhíonn acu ar bhia agus ar shábháilteacht beatha. Tá imní ag méadú mar gheall ar a shábháilte atá míceatocsainí agus tocsainí planda i mbeathú, agus leis na deicheanna de bhlianta anuas tá dul chun cinn eolaíochta déanta ó thaobh teorainneacha agus rialachán maidir le tocsainí. Tá braiteoirí úrnua ceaptha le haghaidh anailís agus scagadh, agus pléadh iad sin ag an gcomhdháil. Taifeadh podchraoltaí d'achóimrí ar chur i láthair ó aoichainteoirí idirnáisiúnta dóibh siúd nárbh fhéidir leo bheith i láthair.

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

#### TAIGHDE

Seo a leanas na tionscadail taighde a tugadh chun críche sa bhliain 2012:

##### *Suirbhé ar dhathanna saorga i mbianna eitneacha roghnaithe in ionaid beir leat*

Ba é cuspóir an tsuirbhé a fháil amach cé na dathanna bia a úsáidtear i mbialanna áirithe agus in ionaid beir leat agus cén t-eolas atá ag foireann lónadóireachta ar na dathanna a úsáidtear i mbéilí a riarann siad. Rinne Oifigigh Sláinte Chomhshaoil sampláil agus rinneadh anailís samplála ag Saotharlann an Anailíseora Phoiblí i Réigiún an Deiscirt i gCorcaigh.

##### *Suirbhé ar dhearcthaí gairmithe sláinte i dtaca le stádas meáchan coirp*

Ba é aidhm an taighde féachaint cé na dearcthaí agus na scileanna atá ag gairmithe cúram sláinte príomhúil i dtaca le bainistíocht meáchain chun tacú leo agus dúshlán an rómheáchain agus an mhurtaill á n-aithint acu, agus iad ag cur cóireáil ar dhaoine in aghaidh an mhurtaill agus á bhainistiú. Ar oileán na hÉireann tá beirt as gach triúr daoine fásta agus duine amháin as gach ceathrar páistí róthrom nó murtallach. Dúshlán mór sláinte phoiblí é sin.

##### *Lucht luathfhágála na scoile - measúnacht ar riachtanais ó thaobh an chothaithe de*

Sa taighde seo (a rinne Coláiste na Tríonóide) scrúdaíodh riachtanais daoine óga i suíomhanna luathfhágála scoile ó thaobh oideachas i dtuairim cothú.

##### *Sraith staidéar ar an gcothú i mbia beir leat*

Ba é aidhm an tsuirbhé pictiúr ag pointe áirithe ama a fháil de chomhdhéanamh roinnt bianna ó thaobh an chothaithe de. Ba iad na bianna a roghnaíodh i 2012 bia beir leat Síneach, píotsaí agus burgair.

Bianna a ullmhaíodh lasmuigh den bhaile, bhí i bhfad níos mó saill chothaithe iontu ná mar a bhí i mbia a ullmhaíodh laistigh den bhaile. Lena chois sin bhí siad níos boichte ó thaobh snáithín agus micreachothaitheach. Dhírigh na meáin cuid mhaith airde ar an tsraith seo, go háirithe i bPoblacht na hÉireann. Mar shampla, fuarthas ón tuarascáil ar bhurgair go raibh burgar amháin as gach trí bhurgar a díoladh mar bhurgair do pháistí níos mó ná an meánbhurgar caighdeánach. Agus torthaí an taighde á scaipeadh, chuir **safefood** comhairle ar thomhaltóirí faoin tslí le líon na gcalraí a itheann siad a laghdú agus bianna beir leat á n-ithe acu, e.g. sciartha a roinnt le daoine eile.

##### *Ócáidí ina n-itheann teaghlaigh béile 'lasmuigh den bhaile'*

Sa scrúdú seo (a rinne Ollscoil Uladh) imscrúdaíodh raon na roghanna iteacháin a bhí ag páistí in asraonta lónadóireachta, chomh maith le dearcthaí tuismitheoirí agus lónadóirí.

##### *Measúnú ar chumas éadaí soithí baictéir dhochracha a chur ar aghaidh chuig dromchlaí cistine agus féachaint a éifeachtaí atá réimis éagsúla glanadh éadaí soithí*

Coimisiúnaíodh suirbhé ar 200 éadach soithí chun próifíl mhicribhitheolaíoch éadaí soithí a bhí in úsáid a thiomsú. Chuir an suirbhé réitigh ar fáil do thomhaltóirí ar a bhféadfaí comhairle a bhunú agus gníomhaíochtaí cumarsáide a dhearadh maidir leo.

##### *An costas a ghabhann le rómheáchan agus murtall ar oileán na hÉireann*

Chuir an suirbhé seo (a rinne Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) measúnacht chuimsitheach ar fáil ar chostas an rómheáchain agus an mhurtaill ar oileán na hÉireann. Measadh gur chosain an rómheáchan agus an murtall, go díreach agus go hindíreach, €1.13 billiún i bPoblacht na hÉireann agus €510 milliún i dTuaisceart Éireann i 2009.

##### *Measúnú ar mhicribhitheolaíocht dromchlaí teagmhála láimhe sa timpeallacht mhiondíola.*

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

Thug oifigigh sláinte chomhshaoil faoi oiliúint cuairt ar dheich gcinn de shiopaí miondíola i bPoblacht na hÉireann mar ar thóg siad samplaí maipíneachta ó cheithre cinn de dhromchlaí, agus mar ar líon siad isteach ceistneoir gearr sláinteachais. Níor ardaigh an suirbhé aon údar imní mar gheall ar phataiginí bia-iompartha a bheith á n-iompú ó na dromchlaí sa sampla go bianna nó go lámha custaiméirí, nó an dóchúlacht go bhféadfaí a leithéid a dhéanamh.

#### *Braistint meáchan coirp ar oileán na hÉireann*

De bhrí go bhfuil minicíocht an rómheáchain agus an mhurtaill ag dul in airde go tapa, féachtar sa tuarascáil seo ar an tslí ina nglactar anois le rómheáchan mar norm sóisialta, agus nach furasta do dhaoine, dá bharr sin, a aithint go bhfuil an iomarca meáchain á iompar acu. Dhírigh an tuarascáil ar an méadú ar fhianaise nach n-aithníonn mórchuid daoine go bhfuil siad féin nó a bpáistí róthrom.

*Chun acmhainn bailíochtaithe cothaithe a fhorbairt ina ndéanfar bianna a mheas ó thaobh cothú agus ina gcuirfear faisnéis ar fáil do shuíomhanna réamhscoile chun nósanna agus soláthar feabhsaithe cothaithe a chur ar fáil ann.*

Tugann **safefood** tús áite d'idirghabháil luath maidir le cothú. Féachtar sa tionscadal seo le hidirghabháil mar sin a dhéanamh trí dhíriú ar réamhscoileanna chun caighdeán cothaithe agus sábháilteacht bia a chur chun cinn iontu bunaithe ar inspreagadh. Féachtar ar rannpháirtíocht tuismitheoirí mar chuid ríthábhachtach den phróiseas, agus ar réamhscoileanna ó gach cúlra socheacnamaíochta a bheith páirteach ann.

## **AILLÉIRGÍ BIA AGUS ÉADULAINGT AR BHIA**

### **'Gach Rud faoi Ailléirgí'**

Seoladh acmhainn faisnéise mar gheall ar íogaireacht i leith bia ('All about Allergy')/(Gach rud faoi Ailléirgí) ar shuíomh Gréasáin safefood ag cur faisnéise ar fáil ar ailléirgí, éadulaingt ar bhia agus galar céiliach – ar mhaithe le tomhaltóirí agus lucht lónadóireachta. Pléitear gnéithe éagsúla d'íogaireacht i leith bia san acmhainn seo – comharthaí, minicíocht, bainistíocht ailléirginí bia, lipéadú agus gnéithe dlíthiúla de bhainistíocht ailléirginí. Tá idir faisnéis scríofa, léaráidí idirghníomhacha agus léirithe closamhairc le fáil inti. Tá quiz inti freisin chun gur féidir le rannpháirtithe féachaint cén t-eolas atá acu ar ailléirgí bia agus éadulaingt ar bhia.

San acmhainn idirghníomhach gheobhaidh tomhaltóirí faisnéis ar ghnéithe difriúla d'ailléirgí bia agus d'éadulaingt ar bhia agus ar an tionchar a bhíonn acu ar shaol an duine. Lena chois sin, cuirfidh lónadóirí spéis san acmhainn seo toisc go dtugann sé treoir ar an tslí is fearr le freastal do riachtanais custaiméirí atá íogair i leith bia nó custaiméir ar bith ar mian leo bianna áirithe a sheachaint ar chúis ar bith.

## **FOILSEACHÁIN**

### **Conas beathú buidéil do linbh a ullmhú**

Eisíodh an leabhrán seo i mí Eanáir i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Gheofar treoir sa leabhar ar conas buidéil a steiriliú agus foirmle a ullmhú do naíonáin, mar aon le leideanna áisiúla don té a bhíonn ag taisteal le naíonán.

### **Méid an Sciar Bhia – Treoir do Réamhscoileanna**

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

Gheofar sa leabhrán seo treoir ar an méid bia a ba cheart a thabhairt do leanáí óga móide roinnt cúnaimh phraiticiúil. Clúdaítear ann nósanna iteacháin teaghlaigh, an tslí le bianna nua a thabhairt isteach, agus conas timpeallacht a chothú ina sealbhófar dea-nósanna iteacháin a mhairfidh ar feadh an tsaoil.

### **Tuarascáil ar ghlútamáit mhonasóidiam (MSG)**

Baineann an Tuarascáil ar Ghlútamáit Mhonasóidiam le húsáid glútamáit mhonasóidiam i dtionscal na lónadóireachta. San Aontas Eorpach, ní mór MSG a bheith luaite ar an lipéad nuair a úsáidtear é, agus is é uimhir E621 atá tugtha dó. I láthair na huairé níl ceadmhach de réir dlí níos mó ná 10 gram glútamáit mhonasóidiam a úsáid i gcileagram bia. Ach tá staidéir déanta thar lear a dheimhníonn leibhéil níos airde ná sin, go háirithe i mbéilí eitneacha. Tugadh faoi deara sa taighde, leis, go bhféadfadh sé nach raibh daoine eolach ar a mhéad MSG a fhaightear in anlanna a bhíonn ar díol sna siopaí.

### **Faireachas ar chothú**

Foghrúpa den Choiste Comhairleach Eolaíochta a rinne an staidéar seo ar fhaireachas ar chothú ar oileán na hÉireann, go háirithe ar an obair faireachais atá ar siúl faoi láthair. Gineadh anailís ar bharnaí, athbhreithníodh an úsáid a bhaintear as na sonraí, agus ceapadh moltaí lena n-áirítear fíis le haghaidh faireachas ar chothú feasta. Féachtar sna moltaí leis an leas is fearr is féidir a bhaint as an airgead atá ar fáil chun saineolaithe a fhósta agus a choimeád, le cur chuige comhchláraithe.

### **Galair Stéigeacha Tógálacha**

Díríodh sa tuarascáil seo ar an tionchar a bhí ag galair stéigeacha tógálacha ar dhaoine ar oileán na hÉireann idir 2000 agus 2010.

### **Athbhreithnithe Dírithe ar an Tomhaltóir**

Sa bhliain 2005 chuir **safefood** tús le clár de chleachtaí cuimsitheacha scagthástála ar an slabhra bia. I ngach athbhreithniú díríodh ar chatagóir bia ar leith, aithníodh agus tuairiscíodh na fadhbanna ó thaobh sábháilteacht bia ag pointí éagsúla feadh an tslabhra bhia, agus aithníodh deiseanna chun buntáistí don tsláinte a chur in iúl. Tugadh gach ceann de na hathbhreithnithe a bhí déanta roimhe sin chun dáta i 2012 ó thaobh a raibh iontu, le cinntiú go mbeadh tomhaltóirí ar an eolas faoi aon athruithe a tharla ó 2005 i leith.

Dá réir sin tugadh suirbhéanna ar iompar tomhaltóirí maidir le bia, sicín, agus iasc eite chun críche i 2012.

#### *Iompar tomhaltóirí maidir le bia*

Ba é príomhaidhm na tuarascála tuiscint a fháil ar iompar tomhaltóirí maidir le bia, mar bhonn le taighde, beartais agus cleachtais thodhchaí iad siúd atá ag obair chun iompar maidir le sábháilteacht bia agus roghnú bia a athrú, le cinntiú go mbíonn teachtaireachtaí chuig an tomhaltóir bunaithe ar fhianaise agus éifeachtach ó thaobh costais.

#### *Sicín*

Fuarthas san athbhreithniú seo gur príomhfhoinsí próitéin is ea sicín, agus gur ith ochtar as gach deichniúr sicín gach seachtain. D'ainneoin iarrachtaí an tionscail údar imní mar gheall ar bhaictéir a fhaightear go nádúrtha i sicín amh a réiteach, is é an teachtaireacht do thomhaltóirí ná gur cheart a chinntiú go mbíonn an táirge cócaráilte go hiomlán agus go láimhsítear é go cuí é chun breoiteacht bia-iompartha a sheachaint.



## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábhálteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

#### *Iasc eite*

Bia dlúthchothaitheach is ea iasc. Ba é aidhm na tuarascála scrúdú a dhéanamh ar bhraistintí, dearthaí agus iompar tomhaltóirí i leith iasc eite. Rinne **safefood** staidéir chuimsitheacha cáilíochtúla agus cainníochtúla ar oileán na hÉireann féachaint cén bhraistint, dearcadh agus iompar atá ag tomhaltóirí i leith iasc eite.

## SLÁINTE AGUS COTHÚ AN DUINE

Lean an Stiúrtóireacht Sláinte agus Cothú an Duine (HHN) sa bhliain 2012 dá gcuid oibre i dtaca le tearcrochtain bia agus murtall ar oileán na hÉireann.

### TEARCROCHTAIN BIA AGUS MÍCHOTHÚ

Is é a thuigtear le tearcrochtain bia easpa cumais ag duine cothú leordhóthanach a fháil. Ceist shuntasach í do mhórchuid daoine ar oileán na hÉireann.

Cé go mbraitear gur fadhb mhór é a chostasáí atá bia sláintiúil, ceist chasta is ea easpa réim bia folláin a bhfuil tionchar aici ar chúrsaí oideachais, iompair, litearthachta, cultúir agus planáil comhshaoil. Deitéarmanant ginearálta eile sláinte, amhail drochthithíocht, eisiámh sóisialta agus adráta coireachta, is ea tearcrochtain bia.

### Clár Léiriúcháin de Thionscnaimh Bhia Pobail

Sheol **safefood** Clár Léiriúcháin de Thionscnaimh Bhia Pobail trí bliana ar oileán na hÉireann in Eanáir 2010 agus ba é 2012 an bhliain dheireanach den chlár sin. Is é Healthy Food for All (Bia Folláin do Chách) a bhainistíonn an clár. Gníomhaireacht neamhspleách is ea é, a fhaigheann cistiú ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó **safefood**. Baineann na tionscnaimh sin leas as cur chuige forbartha pobail seachas cur chuige deontais chun aird ghrúpaí ar ioncam íseal a dhíriú ar conas bia sláintiúil a aimsiú. Bronnadh cistiú ar sheacht gcinn de Thionscnaimh Bhia Pobail (trí cinn i dTuaisceart Éireann agus ceithre cinn i bPoblacht na hÉireann). Tionscadail fadréimsitheacha is ea iad, idir ghairdíní pobail, chaiféanna, chlubanna cócaireachta agus ghníomhaíochtaí idirghlúine dírithe ar bhia.

Chun foghlaim i bpáirt agus comhar a chothú, eagraíodh trí cinn d'imeachtaí líonraithe i gcaitheamh na bliana chun na tionscnaimh a chur chun cinn. Dhírigh na himeachtaí sin ar inbhuanaitheacht an tionscadail, ar dheiseanna d'fhiontair shóisialta agus ar phleanáil ghaolmhar. Eagraíodh an t-imeacht deiridh i mBéal Feirste i Meán Fómhair.

I 2012, cuireadh tús leis an bpróiseas iarratais le haghaidh sraith tionscnamh eile agus maoinofar iad sa tréimhse 2012-2015. Tógfaidh an clár nua Tionscnamh Bia Pobail ar an rath a bhí ar an gcéad chlár (2010-2012). Roinnfear na príomhrudaí a foghlaimíodh agus an príomhthaithe a fuarthas sa chlár roimhe seo leis na tionscadail nua agus spreagfar iad chun cur le hinbhuanaitheacht an tionscadail ón tús.

### Líonra Tearcrochtain Bia Uile-Oileán

Sa bhliain 2009 thug **safefood** agus Gníomhaireacht na gCaighdeán Bia i dTuaisceart Éireann le chéile roinnt geallsealbhóirí tábhachtacha chun Líonra Tearcrochtain Bia a bhunú i TÉ. I measc na ngeallsealbhóirí bhí Bia Sláintiúil do Chách, Comhairle TÉ um Dhaoine gan Dídean, an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sláinte Phoiblí, Gníomhaireacht TÉ um Chaighdeán Bhia, Institiúid na Sláinte

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábhálteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

Poiblí in Éirinn, an Ghníomhaireacht um Shláinte Phoiblí agus Comhaontas Sláinte Poiblí oileán na hÉireann.

Lean an obair ar aghaidh i 2012 chun táscaire cuimsitheach a cheapadh maidir le tearcrochtain bia. Áiríodh air sin obair Rannán um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Coimirce Sóisialaí ar tháscaire a cheapadh bunaithe ar shuirbhé i bPoblacht na hÉireann ar shonraí ioncaim agus dálaí maireachtála. Lena chois sin, táthar ag súil go mbainfear úsáid as sonraí atá á mbailiú ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, chun táscaire inchomparáide a fhorbairt do Thuaisceart Éireann.

I mí Dheireadh Fómhair seoladh na torthaí ar thaighde a choimisiúnaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí.

## **RANNCHUIDIÚ LE BEARTAS MURTAILL AGUS LENA FHEIDHMIÚ**

### **'Cáin ar Shiúcra'**

Chuaigh **safefood** i gcomhairle maidir leis an Measúnacht ar an Tionchar ar Shláinte de dhroim mholadh an Aire Sláinte sa Deisceart dleacht máil ar dheochanna ar cuireadh siúcra leo a thabhairt isteach.

## **An Grúpa Stiúrtha um Chosc an Mhurtaill i dTuaisceart Éireann**

Ball is ea **safefood** den ghrúpa feidhmiúcháin 'Fitter Future for All' a mhaoirsionn cur i bhfeidhm an chreatbheartais 'Fitter Future for All' i dTuaisceart Éireann, agus tuairiscíonn sé chuig an nGrúpa Stiúrtha ar Chosc an Mhurtaill i dTuaisceart Éireann.

## **An Grúpa Speisialta Gníomhaíochta ar Mhurtall (SAGO)**

I 2011 bhunaigh an tAire Sláinte, an Dr James Reilly, Grúpa Speisialta Gníomhaíochta um Murtall comhdhéanta de phríomhgheall-sealbhóirí, lena n-áirítear **safefood**, chun dul chun cinn a dhéanamh ar cheisteanna éagsúla maidir le murtall.

## **Fóram um Ghníomhaíocht Uile-Oileán ar Mhurtall**

Tacaíonn an Fóram um Ghníomhaíocht Uile-Oileán ar Mhurtall leis na beartais murtaill i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon trí gheallsealbhóirí a thabhairt le chéile chun réimsí comhoibre idir an dá dhlíne a aithint agus a chur chun cinn; agus chun malartú dea-chleachtas agus líonrú a éascú ar oileán na hÉireann. Déanann **safefood** an fóram a éascú agus a thacú.

Dhírigh an seachtú ceardlann den fhóram ar shealobair agus ar chailliúint meáchain. I mBéal Feirste a bhí an cheardlann i Meitheamh, agus aoi-chainteoirí idirnáisiúnta i láthair aige. Thacaigh Cumann Cairte Fisiteiripeoirí Thuaisceart Éireann, agus Cumann Fisiteiripeoirí na hÉireann leis an imeacht. Scrúdaíodh sa cheardlann na dúshláin a ghabhann le clár a chur i bhfeidhm san ionad oibre agus taispeánadh roinnt tionscnamh ar éirigh leo in áiteanna éagsúla ar an oileán.

Eagraíodh ceardlann eile i Samhain, le tacaíocht ó Chumann Leighis na hÉireann, a dhírigh ar an ról tábhachtach atá ag gairmithe sláinte sa troid in aghaidh an rómheáchain agus an mhurtaill. Seoladh tuarascáil ar an gceist seo ag an gceardlann. Thug an Dr Paul Chadwick (MEND), agus an Dr Donal O'Shea ó Ospidéal Cholmcille i mBaile Uí Lachnáin, Baile Átha Cliath, na príomhóráidí.

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

#### **Fógraíocht Bhia do Pháistí**

Chuaigh **safefood** i gcomhairle ar an gcód fógraíochta do pháistí, a ndearnadh leasú air, atá ceaptha ag Údarás Craolacháin na hÉireann ar son Phoblacht na hÉireann.

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

### FEACHTAIS MARGAÍOCHTA & CUMARSÁIDE

#### Stop the Spread

Feachtas sláinte poiblí is ea "Stop the Spread" (Cuir Stad leis an Leathadh), a fhéachann le feacht a chothú ar rómheáchan agus ar mhurtall. An aidhm atá leis an bhfeachtas feacht a chothú i measc daoine fásta ar an meáchan barrachais a bheith ina ghnáthmheáchan anois sa tsochaí seachas a bheith eisceachtúil agus daoine a spreagadh chun méid a gcoime féin a thomhas agus a meáchan féin a bhainistiú.

An dúshlán don fheachtas ná athrú a dhéanamh ar bhraistint an phobail i dtaca leis an rud is meáchan sláintiúil ann. Léirigh taighde tagarmhairc go bhfuil breis is seisear as gach deichniúr róthrom, ach nach dóigh ach le ceathrar as gach deichniúr go bhfuil siad róthrom.

Is é straitéis an fheachtais pointe tagartha praiticiúil a thabhairt do thomhaltóirí ar mhaithe le féindiagnóis. Le cabhair ó threoirínte ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, cruthaíodh teachtaireacht dhíreach a rachadh i bhfeidhm ar dhaoine: *Tá ár bhformhór róthrom agus tá an fhadhb ag leathnú amach. Más mó ná 32 orlach do choim, más bean tú, agus 37 orlach, más fear tú, tá sé leathnaithe chomh fada leat, agus is airde an riosca go mbeidh diaibéiteas de chineál 2, galar croí nó cineálacha áirithe ailse ort.*

Eagraíodh ceithre seachtaine d'fhógraíocht i mí Eanáir, ag cur dúshlán faoi roinn leithscéalta coitianta ar rómheáchan, m.sh. leathadh meánaoise, oiriúnacht le hairde an duine agus 'táimid ar fad beagáinín trom i mo theaghlach'.

Bhuaigh an feachtas deimhniú ardmholta don fheachtas faisnéis phoiblí ab fhearr ó Chumann na gComhairleach Caidreamh Poiblí. Bhuaigh an feachtas an Gradam Óir san earnáil chúram sláinte ag Gradaim an Post ar son Margaíocht Dhíreach Chomhtháite. Fuarthas sa taighde margaidh go raibh sé go maith chun cinn ar na noirm maidir le faisnéis nua ar rómheáchan; ar an nasc idir murtall agus ailse; agus ar a ábhartha a bhí an fhaisnéis.

Cuireadh mionteagasc ar fheisirí Chomhdháil Thuaisceart Éireann in Eanáir ar an taighde is déanaí sa réimse seo, agus cuireadh leagan amach an fheachtais teilifíse agus an fheachtais lasmuigh ina láthair.

Chuir na Ranna Urraíochta gníomhaíochtaí eile ar fheachtas 'Stop the Spread' ar fionraí, ar feitheamh ar athbhreithniú ar gníomhaíochtaí **safefood**.

#### Dá bhféadfá na frídíní a fheiceáil

Cuireadh tús le céim eile den fheachtas seo i Márta. Dhírigh an feachtas ar chros-éilliú sa chistin a chosc, agus reáchtáladh é ar teilifís, ar raidió, ar láithreáin fógraíochta amuigh agus ar na meáin shóisialta.

Cuireadh tús le céim eile den fheachtas i Meán Fómhair, ag díriú ar thomhaltóirí a spreagadh chun smaoineamh ar na nithe praiticiúla a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun an chistin a dhéanamh níos sábháilte, m.sh. éadaí soithí a athrú gach dara lá.

Bhí an feachtas bunaithe ar thaighde ó Ollscoil Uladh a fuair go raibh *E.coli* i lathair i 27.5% de na héadaí soithí a tástáladh agus listéire ar 13.5% díobh.

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

#### Operation Transformation

Chuaigh an cúigiú sraith de 'Operation Transformation' RTÉ, ar léiriú teilifíse neamhspleách é, amach in Eanáir agus Feabhra, agus ba é **safefood** an t-urra. Lean an seó aistear cúigear treoraithe agus iad ag iarraidh meáchan a chailliúint, a bheith níos gníomhaí agus slí mhaireachtála níos sláintiúla a bheith acu. D'fhéach idir 500,000 agus 600,000 duine ar gach clár díobh. Fuair an clár clúdach forleathan sna meáin agus chuir sé ceist an rómheáchain agus an mhurtaill i lár an aonaigh, mar aon leis an nga atá le réim bia agus stíl mhaireachtála a rialú.

I 2012, d'urraigh **safefood** suíomh Gréasáin móibíleach ar a dtugtar 'My OT.ie', agus d'íoslódáil breis agus 50,000 duine an suíomh i gcaitheamh thréimhse an seó. D'óstáil **safefood** dhá sheisiún beo cainte le saineolaithe an chláir, Karl Henry agus Eddie Murphy, ar leathanach Facebook, agus eagraíodh sraith imeachtaí poiblí in ionaid siopadóireachta. Bhí an-tóir ar na himeachtaí sin ar fad.

#### Dramhbhia

Thosaigh an feachtas seo i Samhain ar raidió, i bpóstaeir amuigh, agus ar fhíseán ar éileamh (m.sh. seinnteoirí ar líne TV3 agus UTV). De réir taighde caitheann tomhaltóirí na hÉireann 1 milliún tona bia amach gach bliain, rud a chosnaíonn €1,000 (GBP 1,200) ar an meán ar gach tomhaltóir. D'fhéadfaí a bhformhór sin a sheachaint ach pleanáil agus siopadóireacht níos eagraithe a dhéanamh agus tuiscint a bheith againn ar dhátaí 'is fearr roimh' agus 'úsáid roimh'. Díríodh an feachtas ar fheasacht a mhúscailt ar na nithe sin agus ar an tionchar a bhíonn ag eolas ar shábháilteacht bia agus ar laghdú ar dhramhbhia sa bhaile. Bhain an feachtas úsáid as na meáin shóisialta, leis, agus ceapadh aip dramhbhia.

Ba iad an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil i bPoblacht na hÉireann agus an Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann a rinne an bhrandáil ar an bhfeachtas, agus eagraíodh é go comhuaineach le Seachtain Laghdú Dramhaíola na hEorpa.

#### Takeaway My Way

Chuaigh 1,000 dalta iar-bhunscoile isteach sa chomórtas cócaireachta seo le haghaidh scoileanna iar-bhunoideachais, a ritheadh i gcomhar le Coláiste Naomh Aingeal, Sligeach. Ba í Helen O'Donnell, ball den Bhord Comhairleach, a rinne an mholtóireacht ar an gcomórtas ceannais. Spreag an comórtas na daltaí chun a gcuid scileanna cócaireachta a léiriú. Ag an am céanna, díríodh aird ar a thábhachtaí atá dea-nósanna itheacháin, agus a laghad airgid a chosnaíonn béilí sláintiúla. Cuireadh cuid de na hoidis ar fáil ar shuíomh Greasáin safefood ina dhiaidh sin.

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**  
**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

**OIDEACHAS**

***safefood* ar feadh an tSaoil**

Cuireadh an acmhainn seo i dtaobh nósanna sláintiúla itheacháin ar fáil do lucht na hArdteistiméireachta Feidhmí i bPoblacht na hÉireann i 2012. Tugadh poiblíocht don acmhainn i scoileanna ar fud an oileáin i nDeireadh Fómhair.

***Acmhainn Lipéadaithe Thuaisceart Éireann***

D'fhorhuinig an Northern Ireland Council for Curriculum Examinations and Assessment acmhainn lipéadaithe bia le haghaidh Thuaisceart Éireann '*How we Measure Up- Deciphering Food Labelling*' a d'fhorbair an Food Standards Agency. San acmhainn tá CDROM, sleamhnáin ranga agus nótaí múinteora.

***Sammy and Sally Grow together***

Scaipeadh an acmhainn seo le haghaidh bunscoileanna ar na réamhscoileanna ar fad ar an oileán in Eanáir.

***Bileog bosca lóin***

Scaipeadh an bhileog seo faoi bhoscaí lóin ar pháistí a bhí ag teacht ar scoil den chéad uair i Meán Fómhair.

***Níochán lámh***

Cuireadh leathanach gníomhaíochta ar fáil ina n-iarrtar ar pháistí difríochtaí idir dhá phictiúr a aithint chun níochán lámh a spreagadh i measc páistí bunscoile. Tá sé ar fáil ar shuíomh Gréasáin safefood, mar aon leis an bpóstaer.

***101 Bhéile Cearnógach***

Scaipeadh an acmhainn seo oidis shláintiúla ar ionaid acmhainne teaghlaigh, ionaid eolais do shaoránaigh, diaitéitigh pobail agus ar an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid.

***Scoil Samhraidh Oiliúna Réigiúnach***

Chuaigh **safefood** i gcomhar leis an Public Health Agency, an Food Standards Agency i dTuaisceart Éireann agus an British Nutrition Foundation chun Scoileanna Samhraidh Oiliúna Réigiúnacha a éascú i dTuaisceart Éireann, chun acmhainní oideachais a mholadh do mhúinteoirí.

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

### IMEACHTAÍ AGUS COMHDHÁLACHA

#### Lá Náisiúnta Diaibéitis

Mar chuid dá dtacaíocht don tsraith theilifíse 'Operation Transformation' (*féach thuas*), thacaigh **safefood** le Cumann Leighis na hÉireann agus le Cónaidhm Diaibéitis na hÉireann ag naoi gcinn d'ionaid ar fud Phoblacht na hÉireann in Eanáir ag imeachtaí poiblí saor in aisce. Cuireadh trialacha ribeacha ar fáil agus tomhaiseadh imlíne na coime; tugadh dea-chomhairle ar nósanna sláintiúla itheacháin, le tacaíocht ó acmhainní **safefood** a scaipeadh ar an ócáid. Bhí diaitéitigh i láthair ó Institiúid Cothaithe agus Diaitéitice na hÉireann. Luadh diaibéiteas cineál 2 go minic in 'Operation Transformation' agus is téama mór é in 'Stop the Spread'.

#### Seó an Royal Ulster Agricultural Society (RUAS), Balmoral

Cuireadh an feachtas 'If you could see the Germs' (Dá bhféadfaí na Frídíní a Fheiceáil) i láthair ag seó RUAS Balmoral i mBealtaine. Tugtar cuireadh chuig an seastán do chuariteoirí féachaint ar chnámha scéil imscrúdú coireachta chun an chúis le foláireamh maidir le sábháilteacht bia a dhéanamh amach. Fuarthas aiseolas an-dearfach maidir leis an seastán mar aon le clúdach ar teilifís agus ar raidió. Chuaigh 1,800 isteach sa chomórtas a bhí ina ghné den taispeántas.

#### Comhdháil um Rogha Bia agus Athrú Bia

D'óstáil **safefood**, an Bord Taighde Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia comhdháil ar iompar i leith bia i Meitheamh ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Sa chomhdháil, féachadh ar thionchar agus ar éifeachtaí iompar maidir le bia ar ár sláinte agus pléadh cineálacha cur chuige a dhéanfadh athrú ar iompar.

#### Seachtain Shábháilteacht Bia Thuaisceart Éireann

Chuaigh **safefood**, an Food Standards Agency i dTuaisceart Éireann, an Roinn Comhshaoil agus na Comhairlí Ceantair i gcomhar le chéile ar fheachtas na Roinne Comhshaoil 'Love Food Hate Waste' chun cabhrú le tomhaltóirí an méid bia a chuirtear amú a laghdú. Cuireadh tomhaltóirí Thuaisceart Éireann ar an eolas faoin tslí le leas a bhaint as fuílleach agus faoin gciall atá le dátaí 'úsáid roimh' agus 'is fearr roimh', a bhfuil tábhacht leis an dá cheann ó thaobh sábháilteacht bia agus ó thaobh dramháil a laghdú. Chuimsigh ábhair an fheachtais cártaí oidis saor in aisce agus seó bóthair cócaireachta a thug cuairt ar aon láthair déag. Ba é an tAire Alex Attwood MLA a sheol an feachtas.

#### An Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta

Bhí taispeántas ag **safefood** ag an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta i Meán Fómhair in Rois Mhic Threoin i bPoblacht na hÉireann. Ba é an feachtas sábháilteacht bia 'If you could see the Germs' téama an taispeántais agus tugadh cuireadh do chuariteoirí chuig an seastán leis an gcúis le foláireamh sábháilteacht bia a dhéanamh amach. Thug 190,000 duine ar an meán cuairt ar an gComórtas trí lá.

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábhálteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

#### **Seachtain Feasachta ar Ailléirgí**

Reáchtáladh Seachtain Feasacht ar Ailléirgí Thuaisceart Éireann i Meán Fómhair agus thacaigh **safefood** leis an Duais d'Ógánach na Bliana a raibh baint aige leis. Ba é Allergy Nothern Ireland a d'eagraigh an ócáid agus aithníonn sé na hiarrachtaí atá déanta ag daoine óga chun an ceann is fearr a fháil ar na deacrachtaí a ghabhann le maireachtáil le hailléirge i leith bia.

#### **Lucht Luathfhágála na Scoile**

Eagraíodh ceardlanna i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair chun an tionscadal taighde '*Early school leavers- a needs assessment from a nutrition perspective*' (Lucht luathfhágála na scoile - measúnacht riachtanas ó thaobh cothú), a rinne an tIonad Taighde Leanaí i gColáiste na Tríonóide agus in Ollscoil Uladh a sheoladh. Bhí deis ag geallsealbhóirí na torthaí a phlé agus moltaí a dhéanamh.

#### **Tearcrochtain Bia a Thomhas**

I nDeireadh Fómhair, seoladh doiciméad mionteagaisc maidir leis an taighde a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí i bPoblacht na hÉireann inar leagadh amach impleachtaí an táscaire nua maidir le tearcrochtain bia. Pléadh tionchar an táscaire seo ar bheartas ar oileán na hÉireann.

#### **Savour Kilkenny/ Cathracha Sláintiúla**

D'óstáil **safefood** ceardlann lae ar son 300 páiste i dtimpeallacht spráúil ag féile 'Savour Kilkenny/Cathracha Sláintiúla' i nDeireadh Fómhair. Príomhtheachtaireacht ag an bhféile seo ab ea a thábhachtaí atá sé cothromaíocht a bhaint amach i roghanna bia agus bianna atá go maith don teaghlach ar fad a thriail le chéile. Téama mór eile ab ea bunús agus táirgeadh bia agus a thábhachtaí atá réim bia chothrom shláintiúil agus cuireadh é sin abhaile le cluichí foghlama idirghníomhacha agus le hacmhainní oideachais.

## **MEÁIN SHÓISIALTA**

#### **An Gréasán**

Shroich cuairteanna ar shuíomh Gréasáin **safefood** buaic in Eanáir agus i bhFeabhra fad agus a bhí an tsraith teilifíse 'Operation Transformation' á chraoladh; le linn chéim 3 den fheachtas 'Stop the Spread' (Cuir Deireadh Leis an Leathadh); leis an spéis i gcailliúint meáchain agus i nósanna iteacháin sláintiúla de dhroim Rúin na hAthbhliana. Sa tréimhse seo baineadh úsáid as áireamhán thomhas na coime ar shuíomh Gréasáin **safefood** ar beagnach 8,000 ócáid aonair. Bhí tóir ar an acmhainn Gréasáin 'Weigh2Live' i gcónaí in 2012.

Rinneadh staidéar in 2012 ar a úsáidí atá an suíomh agus dá thoradh sin rinneadh feabhsuithe chun an suíomh Gréasáin a dhéanamh níos ábhartha agus inúsáidte. Chuaigh leathanach baile nua beo i Meán Fómhair. Ina dhiaidh sin, mhéadaigh an trácht de bhrí gur fearr an tuairim a thugann an leathanach baile nua don úsáideoir nua agus gur fusa nascleanúint a dhéanamh.



**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**  
**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

**Operation Transformation**

Tacaíodh leis an seó teilifíse 'OT' a urraíonn **safefood**, le micreashuíomh seachtrach a ghin 214,000 cuairt aonair.

**Facebook**

Tá 15,000 de lucht leanúna ag leathanach **safefood** ar Facebook. Ar na gníomhaíochtaí a cuireadh ar fáil i gcaitheamh na bliana bhí leideanna ar conas meáchan a chailliúint, comhráite beo le réaltaí 'OT' chomh maith heolas ar imeachtaí féilire ar nós Lá Fhéile Vailintín, a bheith tugtha chun dáta. Bíonn tóir, leis, ar theachtaireachtaí faoin tslí le cócaireacht shábháilte a dhéanamh um Nollaig.

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

### OIBRÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA

Tá ról tábhachtach tacaíochta ag an Stiúrthóireacht Oibríochtaí Corparáideacha i dtaca le cláir agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil ar fud na heagraíochta. Ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil tá seirbhísí airgeadais, soláthair, acmhainní daonna, TF, seirbhísí dlí, rialachais agus iniúchóireachta. Rannchuidíonn na seirbhísí sin ar fad chun spriocanna na heagraíochta a bhaint amach go héifeachtach.

### AIRGEADAS

#### Iniúchadh agus Rialachas

##### Rialachas

Féachann **safefood** leis na caighdeáin is airde rialachas corparáideach a shroicheadh. Géilleann sé don Chód Cleachtas Rialachais a d'eisigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus mar cheist dea-chleachtas géilleann sé don Chód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i bPoblacht na hÉireann.

Rinne na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann na Ráitis Airgeadais don bhliain 2012 a chomhdheimhniú.

##### *Iniúchadh*

Beirt bhall den Bhord Comhairleach mar aon le beirt bhall sheachtracha atá ar an gCoiste Iniúchóireachta. Cathaoirleach an choiste a bhfuil taithí fhairsing ghairmiúil aige is ea duine amháin de na baill sheachtracha sin. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta in 2012.

##### *An Coiste Comhairleach Eolaíochta*

Shroich an Coiste Comhairleach Eolaíochta deireadh a thréimhse agus athcheapadh é i Samhain, le cúigear ball nua. Ceapadh ball den Bhord Comhairleach, an Dr. Mary Upton, ina Cathaoirleach, agus Mr. Robert Huey ina Leas-Chathaoirleach.

### Plean Gnó

Cuimsíodh sa Phlean Gnó 2012 €1.223m (GBP 1,027m) de choigilteas carnach de bhreis ar spriocanna an dá bhliain 2011 agus 2012. Ach laghdaíodh buiséad an Phlean Ghnó tuilleadh go €7.500m (GBP 6.525m), de thoradh chinneadh na Ranna Urraíochta tuilleadh caiteachais ar an bhfeachtas 'Stop the Spread' a chur ar fionraí.

### Cuntasacht

Chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus a chinntiú gur baineadh amach spriocanna oibríocháin agus airgeadais a bhí leagtha síos sa Phlean Gnó, bhí cruinnithe rialta ag foireann ardbhainistíochta **safefood** chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar eolas buiséadach agus airgeadais.

Coimeádadh Ranna Urraíochta safefood (an Roinn Sláinte, agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí) ar an eolas i dtaobh dul chun cinn airgeadais agus oibríocháin, ag cruinnithe rialta agus i dtuairisciú tráthúil.

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

Thuairiscigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar dhul chun cinn agus ar cheisteanna tábhachtacha san earnáil sláinte ag cruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) i gcaitheamh na bliana.

Tháinig Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh agus an Príomhfheidhmeannach i láthair an Chomhchoiste maidir le Cur Chun Feidhme Chomhaontú Aoine an Chéasta i mBealtaine. Pléadh ceisteanna tábhachtacha maidir le sábháilteacht bia agus dea-nósanna itheacháin.

### **TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE**

#### **Bainistíocht an Chaidrimh leis an gCustaiméir**

Tugadh Córas Bainistíochta an Chaidrimh leis an gCustaiméir isteach in Iúil. Cuireann an córas seo ar chumas na foirne teagmhálacha a roinnt agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a phleanáil.

### **OIBRÍOCHTAÍ**

#### **Athbhreithniú ar fheidhmeanna safefood**

Rinne an dá Roinn Sláinte athbhreithniú i gcaitheamh na bliana ar na feidhmeanna a chuireann **safefood** i gcrích. I láthair na huaire tá céim eile den fheachtas '*Cuir Stop leis an Leathadh*' curtha ar fionraí, agus níor faomhadh Plean Gnó 2012 go dtí tar éis dheireadh na bliana. Tá na hathbhreithnithe tugtha chun críche anois, agus leagtar béim iontu ar an ngá atá le leanúint den chomhar idir an dá ghníomhaireacht atá bainteach le sábháilteacht bia agus le dea-nósanna itheacháin ar oileán na hÉireann. Sna hathbhreithnithe a rinne an dá Roinn cinneadh go raibh sainordú reachtach ag **safefood** chun leanúint dá fheidhm chomhairleach i dtaca le cothú ar bhonn uile-oileáin.

#### **Seirbhísí Comhroinnte**

Scrúdaigh Stiúrthóirí Oibríochtaí Corparáideacha ó na Forais Feidhmiúcháin Thuaidh agus Theas socruithe seirbhíse comhroinnte i 2012 i dteicneolaíocht an eolais, in acmhainní daonna, in airgeadas agus i gcumarsáid.

#### **Comhionannas**

Cuireadh leaganacha Braille agus fuaime d'acmhainn **safefood** – '*Have a Healthy, Happy Christmas*' (Bíodh Nollaig Shláintiúil Shona Agat) – le haghaidh oiliúnóirí i scileanna saoil i gComhairle Náisiúnta na nDall in Éirinn agus sa Royal National Institute for the Blind i dTuaisceart Éireann.

### **ACMHAINNÍ DAONNA**

Déantar athbhreithniú leanúnach ar bheartais agus ar nósanna imeacht le cinntiú go ngéilltear do dhea-chleachtas, chun treorú an Rialtais agus athruithe reachtacha a chur san áireamh.

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia  
Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

# **AN BORD UM CHUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA BIA**

## **CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH**

### **31 Nollaig 2012**

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia  
Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

**CLÁR**

Réamhrá leis na Cuntais	3
Ráiteas ar Fhreagrachtaí	7
Ráiteas ar an Rialú Inmheánach	8
Deimhniú agus Tuarascáil na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste	10
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	12
Ráiteas ar na Gnóthachain agus na Cailleanais Aitheanta Iomlána	13
Clár Comhardaithe	14
Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid	15
Nótaí maidir leis na Cuntais	16
Aguisín 1 - Ordú na gCuntas	28

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

### **Réamhrá leis na Cuntais**

#### **1. Leagan amach**

Ullmhaíodh na cuntais seo i bhfoirm a d'ordaigh an Roinn Sláinte agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus de réir na socruithe airgeadais i gCuid 7 d'Innéacs 2 le Comhaontú na Breataine-na hÉireann.

#### **2. Eolas Cúlra**

Comhlacht Feidhmiúcháin is ea an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (an Bord), a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste an 2 Nollaig 1999. Is í reachtaíocht rialaithe an Bhoird Comhaontú na Breataine-na hÉireann agus an tOrdú um Chomhar Thuaidh-Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) 1999.

Bronnann an reachtaíocht rialaithe na feidhmeanna sainiúla seo a leanas:

- Cur chun cinn na sábháilteachta bia
- Taighde ar shábháilteacht bia
- Rabhadh bia a chur in iúl
- Faireachas ar ghalar bia-iompartha
- Comhoibriú eolaíochta agus naisc idir saotharlanna a chur ar aghaidh
- Áiseanna éifeachtachta ó thaobh costais a fhorbairt do thástáil speisialaithe saotharlainne

Le cois an mhéid thuas, tá sainordú ginearálta ag an mBord chun gníomhú mar fhoinsé neamhspleách comhairle eolaíche.

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

#### **3. Rialachas**

An Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna an Bhoird agus tuairiscíonn sé/sí don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC). Faigheann an Príomhfheidhmeannach cúnamh ó Bhord Comhairleach agus ó Choiste Comhairleach Eolaíochta. Ba iad baill an Bhoird Chomhairligh sa bhliain 2012:

#### **Bord Comhairleach 2012**

Ms. Lynn Ní Bhaoigheallain	(Cathaoirleach)
Ms. Darina Allen	(Leaschathaoirleach)
Ms Julie Andrews	
Mr. Thomas Burns	
Mr. Brendan Kehoe	
Mr. Alan McGrath	
Ms. Helen O Donnell	
Mr. Edward Spelman	
Ms. Hannah Su	
Mr. Campbell Tweedie	
Dr. Mary Upton	
Ms. Jane Wells	

Ní dhearnadh aon athrú ar an mBord Comhairleach le linn 2012.

Ar an gCoiste Comhairleach Eolaíochta tá 13 bhall ó linn na saineolaithe eolaíochta agus teicniúla atá ar fáil sa dá dhlínse agus tugann siad comhairle ar cheisteanna eolaíochta agus teicniúla.

#### **4. Torthaí Airgeadais**

Gheofar torthaí an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia leagtha amach ar leathanach 12. Ba é €85,103 (GBP69,007) an t-easnamh sa tréimhse.

#### **5. Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe**

Ní raibh aon imeacht iar-chlár comhardaithe ann.

#### **6. Bronntanais Charthanúla**

Ní bhfuarthas ná ní dhearnadh aon bhronntanas carthanúil i rith na bliana.

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

#### **7. Beartais**

##### Fostaithe Faoi Mhíchumas

Níor fostaíodh duine ar bith faoi mhíchumas i mbliana. Bíodh sin mar atá, tá an Bord tiomanta do bheartas comhionannais agus cuirtear fáilte roimh iarratais ó iarratasóirí cuícháilithe, beag beann ar mhíchumas. Eisíodh plean gníomhaíochta míchumais sa bhliain 2011 chun dearcthaí dearfa a chothú i leith daoine faoi mhíchumas agus a rannpháirtíochta sa saol poiblí a spreagadh.

##### Comhionannas

Eisíodh Scéim Chomhionannais faofa an Bhoird i Meán Fómhair 2011 agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag **safefood**.

##### Soláthar Eolais d'Fhostaithe agus Dul i gComhairle Leo

Bhí Fóram Comhpháirtíochta d'Fhostaithe i bhfeidhm i rith na bliana 2012 mar mhodh comhairliúcháin le fostaithe agus chruthaigh sé go maith mar mhodh cumarsáide d'fhostaithe.

##### Beartas Íoc Pras agus feidhmíocht an bheartais

Tá beartas íocaíochtaí do chreidiúnaithe i bhfeidhm ag an mBord de réir fhorálacha na Rialachán ón gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in mBearta Tráchtála) 2002.

##### Beartas Sláinte & Sábháilteachta

Tá beartas Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm ag an mBord, agus scaipeadh é ar gach fostaí. Léiríonn an beartas na riachtanais dhlíthiúla ardchaighdeáin a choimeád ar fud na heagraíochta.



## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

#### **8. Forbairt Amach Anseo**

Cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas Straitéis Chorporáideach an Bhoird maidir leis na blianta 2011-2013 i mí Iúil 2011.

Leagtar amach sa straitéis sin misean, fíis agus croí-luachanna an Bhoird agus an tslí a gcuirfidh an Bord gach ceann dá feidhmeanna i gcrích sa tréimhse thrí bliana. Déantar measúnú bliantúil ar an straitéis i bhfianaise an phlean ghnó bhliantúil.

Is é €8,500,000 (GBP6,970,000) an caiteachas buiséadaithe don bhliain 2013.

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

## **Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (an Bord)**

Tá ordú tugtha ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí don Bhord ráiteas cuntas a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach in ordú na gcuntas san aguisín leis na Cuntais seo. Ullmhaítear na Cuntais ar bhonn fabhráithe agus ní mór dóibh léiriú fírinneach cóir a thabhairt ar staid an Bhoird ag deireadh bliana agus ar ioncam agus caiteachas an Bhoird, ar na gnóthachain agus na cailteanais aitheanta iomlána agus ar na sreafaí airgid sa bhliain airgeadais.

Agus na cuntais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Aird a thabhairt ar an ordú cuntas a d'eisigh an Roinn Sláinte agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, lena n-áirítear na riachtanais ábhartha cuntasáochta agus noхта, agus beartais chuntasáochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhleanúnach;
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta;
- A rá cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasáochta is infheidhme agus aon imeacht ábhartha sna cuntais a nochtadh agus a mhíniú;
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh an Bord dá ghnó.

### Freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Leagtar amach i Meamram Airgeadais an Chomhlachta freagrachtaí an phríomhfheidhmeannaigh, mar an Duine Freagrach maidir leis an mBord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia, lena n-áirítear freagracht as cuibhiúlacht agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as taifid a choinneáil.

Martin Higgins  
Ardoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 28 Meitheamh 2013

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 Ráiteas ar an Rialú Inmheánach**

#### **1. Raon na Freagrachta**

Mar an Duine Freagrach, tá sé de chúram ormsa córas fónta rialaithe inmheánaigh a choinneáil a thacaíonn le comhlíonadh spriocanna, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird agus a chosnaíonn cistí poiblí agus sócmhainní na Roinne a bhfuil freagracht phearsanta ormsa ina dtaobh, ag an am céanna. Ní mór dom sin a dhéanamh de réir na bhfreagrachtaí a sannadh dom sna Managing Public Money Northern Ireland (MPMNI) and Public Finance Procedures.

Sainítear go cruinn i Meamram Airgeadais an Bhoird an struchtúr cruinn cuntasáochta agus tuairiscithe, ina dtugtar gearrchuntas ar ról athbhreithnithe agus monatóireacht na gcomh-Ranna coimircíochta (an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí (Thuaidh) agus an Roinn Sláinte (Theas). Lena chois sin, mar Phríomhoifigeach Cuntais, táim cuntasach do na coistí cuntas poiblí i ngach ceann den dá dhlínse.

#### **2. Cuspóirí an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun bainistíocht a dhéanamh ar riosca go leibhéal réasúnta seachas deireadh a chur le gach riosca nach mbainfear amach beartais, aidhmeanna agus cuspóirí; ní féidir leis mar sin ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú amach is amach a sholáthar. Bunaítear an córas rialaithe inmheánaigh ar phríosca leanúnach a ceapadh chun na rioscaí nach mbainfí amach beartais, aidhmeanna agus cuspóirí an Bhoird a aithint agus a chur in ord tosaíochta, chun dóchúlacht gach riosca díobh sin agus an tionchar a bheadh acu dá dtitfidís amach a mheas, agus chun iad a bhainistiú go héifeachtach eacnamaíoch. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag an mBord sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 agus suas go dtí dáta formheasta na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas, agus tá sé ar aon dul le treoir na Ranna Airgeadais.

#### **3. An Cumas Chun Riosca a Láimhsiú**

An Fhoireann Ardbhainistíochta atá freagrach as an bpríosca bainistíochta rioscaí a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú faoi threoir uaimse chun a chinntiú go mbíonn an príosca ag obair faoi mar is ceart. Le cois athbhreithniú a dhéanamh ar chreat iomlán na rioscaí, déantar athbhreithniú ar gach moladh a fhaightear ó na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, agus cuirtear leis na rialuithe nó tugtar rialuithe nua isteach de réir mar is gá.

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

Bítear ag súil go n-oibreoidh gach ball foirne laistigh de na beartais bhunaithe ar riosca agus ar rialú inmheánacha, agus cuirtear oiliúint chuí orthu ina fhianaise sin.

### **4. An Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá clárleabhar rioscaí agus mairís measúnaithe riosca ceaptha ag an mBord. Aithnítear rioscaí ar an leibhéal bunúsach agus ar an leibhéal rialaithe ag an tráth a mbíonn pleananna agus straitéisí gnó á gcur i dtoll a chéile. Tá creat ceaptha ag an mBord maidir le heolas bainistíochta rialta, athbhreithniú ar athraitheas, agus nósanna imeachta riaracháin agus rialaithe (lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta).

Áirítear air chomh maith:

- Córais chuimsitheacha buiséadta agus an buiséad bliantúil le bheith faofa ag an bPríomhfheidhmeannach;
- Nósanna imeacht chun na buiséid a athbhreithniú agus a aontú leis an bhFoireann Ardbhainistíochta; agus
- Tuarascálacha rialta airgeadais a ullmhú mar bhonn le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Sa bhliain 2012 cabhair ab ea tuairimí na nIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha agus Choiste Iniúcháireachta an Bhoird Chomhairligh agus an creat riosca agus rialaithe á athbhreithniú.

### **5. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

I mo cháil mar an Duine Freagrach, táim freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh. Is éard a bhíonn mar bhonn eolais faoin athbhreithniú a dhéanaim ar an gcóras rialaithe inmheánaigh obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus na mbainisteoirí feidhmiúcháin a bhfuil sé de chúram orthu an creat rialaithe inmheánaigh a cheapadh agus a chothabháil, agus tuairimí a dhéanann na hiniúcháirí seachtracha ina litir don bhainistíocht agus tuarascálacha eile. Tá plean i bhfeidhm chun díriú ar laigí agus a chinntiú go mbeidh an córas ag dul i bhfeabhas i gcónaí.

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**  
**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

Seo a leanas na gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an athbhreithniú ar éifeachtacht:

- D'athbhreithnigh an Fhoireann Ardbhainistíochta an Buiséad Bliantúil a d'fhaomh na Ranna Coimircíochta, go háirithe aon imeacht ó ghníomhaíocht bheartaithe; agus
- Coimeádadh an creat um bainistíocht riosca faoi athbhreithniú leanúnach agus cuireadh clárleabhar riosca nuashonraithe faoi bhráid Choiste Iniúcháireachta an Bhoird Chomhairligh.
- Rinne na hIniúcháirí Inmheánacha athbhreithniú sa bhliain 2012 ar na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a bhí i bhfeidhm.

Martin Higgins  
Ardoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 28 Meitheamh 2013

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

#### **Deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste chuig Comhdháil Thuaisceart Éireann agus chuig Tithe an Oireachais**

Tá iniúchadh déanta againn ar chuntais an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia ('an Comhlacht') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhar Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine - na hÉireann 1999 a cheanglaíonn iniúchadh agus deimhniú a dhéanamh i gcomhar ar na cuntais a chuirtear inár láthair ag an gComhlacht. Tá na cuntais comhdhéanta den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas ar na Gnóthachain agus na Caillteanais Iomlána Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid agus na nótaí agus aguisíní gaolmhara. Ullmhaíodh na cuntais sin de réir na mbeartas cuntasáochta atá leagtha amach laistigh dóibh.

#### **Freagrachtaí faoi seach an Chomhlachta, an Phríomhfheidhmeannaigh agus na nIniúcháirí**

Mar a míníodh ar shlí níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí, tá an Comhlacht freagrach as na cuntais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad amharc cóir cothrom. Tá an Príomhfheidhmeannach, ina cháil mar Oifigeach Cuntasáochta, freagrach as a chinntiú go mbíonn oiriúnacht agus rialtacht ann i dtaca leis an úsáid a bhaintear as cistí poiblí. Tá sé de fhreagracht orainn na cuntais a iniúchadh de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhar Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine - na hÉireann 1999. Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (RA agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainne agus ar ár bhfoireann géilleadh le Caighdeáin Eiteacha an Bhoird um Chleachtais Iniúchta le haghaidh Iniúcháirí.

#### **Raon iniúchadh na gcuntas**

Ciallaíonn iniúchadh fianaise a fháil mar gheall ar na méideanna agus na nochtas sna ráitis airgeadais, a bheidh dóthanach le deimhniú réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar thoradh ar chalaos nó ar mhírialtacht nó earráid eile. Áirítear air sin measúnú féachaint: an bhfuil na beartais chuntasáochta cuí do chúinsí an Chomhlachta agus ar cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh iad ar shlí imleor; a réasúnta atá na meastacháin thábhachtacha cuntasáochta a rinne an Comhlacht; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais ina n-iomláine. Lena chois sin léimid an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais sa Réamhrá chun aon mhíréir ábhartha leis na cuntais iniúchta a aithint. Má thugaimid aon ráiteas bréige nó aon mhíréir ábhartha dealraitheach faoi deara breithnímid a impleachtaí dár ndeimhniú.

Lena chois sin, ceanglaítear orainn fianaise a fháil a bheith leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam a tuairiscíodh sna cuntais i bhfeidhm chun na gcríoch a cheap Chomhdháil Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann agus go bhfuil na bearta airgeadais ar aon dul leis na húdaráis a rialaíonn iad.

#### **Tuairim ar Rialtacht**

Is é ár dtuairim, go bunúsach, gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam i bhfeidhm chun na gcríoch a cheap Chomhdháil Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann agus go bhfuil na bearta airgeadais ar aon dul leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

#### **Tuairim ar na cuntais**

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na cuntais amharc fírinneach cothrom ar staid ghnóthaí an Chomhlachta amhail ar 31 Nollaig 2011 agus dá bharrachas, dá ghnóthachain agus dá chailteanais aitheanta iomlán agus de shreabhadh an airgid don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na cuntais go cuí de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhar Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus Acht Chomhaontú na Breataine–na hÉireann 1999, agus na rialacha a eisíodh fúthu siúd.

#### **Tuairim ar nithe eile**

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas sa Réamhrá maidir leis na mbliain airgeadais dár ullmhaíodh na cuntais comhsheasmhach leis na cuntais.

#### **Tuairiscímid de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas**

Tuairiscímid de réir eisceachta más amhlaidh

- nár coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha; nó
- nach bhfuil na cuntais ag aontú leis na taifid chuntasaíochta; nó
- mura bhfuairamar gach eolas agus míniú a theastaigh dár n-iniúchadh; nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach gur géilleadh don treoir infheidhme maidir le rialachas corparáideach.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn i dtaca leis na nithe sin a dtuairiscímid orthu de réir eisceachta.

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

**Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na hÉireann  
Caisleán Bhaile Átha Cliath  
Baile Átha Cliath 2  
Éire**

**Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Thuaisceart Éireann  
106 Sráid na hOllscoile  
Béal Feirste  
BT7 IEU**

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS  
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

	<b>Nótaí</b>	<b>2012 €</b>	<b>2011 €</b>	<b>2012 GBP</b>	<b>2011 GBP</b>
<b>Ioncam</b>					
Deontas Ioncaim ó na Ranna	2(a)	7,672,393	8,309,361	6,221,313	7,211,528
Scaoileadh an Deontais Chaipitil	9(a)	<u>135,789</u>	<u>168,406</u>	<u>110,107</u>	<u>146,156</u>
		7,808,182	8,477,767	6,331,420	7,357,684
Ioncam Eile	2(b)	<u>727,402</u>	<u>633,075</u>	<u>589,828</u>	<u>549,433</u>
<b>Ioncam Iomlán</b>		8,535,584	9,110,842	6,921,248	7,907,117
<b>Caiteachas</b>					
Costais Foirne	3(b)	2,615,351	2,525,883	2,120,709	2,192,164
Táillí na mBord	3(e)	85,131	95,994	69,030	83,311
Dímheas	6	134,853	159,612	109,348	138,524
Caiteachas ar Chláir Taighde	5	1,098,952	919,194	891,107	797,750
Gníomhaíochtaí Tionscnaimh Bia	12	2,980,272	3,517,900	2,416,613	3,053,115
Costais Oibriúcháin Eile	4	<u>1,706,128</u>	<u>1,857,022</u>	<u>1,383,448</u>	<u>1,611,672</u>
<b>Caiteachas Iomlán</b>		8,620,687	9,075,605	6,990,255	7,876,536
<b>Barrachas (Easnamh) don bhliain</b>		(85,103)	35,237	(69,007)	30,581
An méid a aistríodh go dtí an Cúlchiste Ginearálta	13	<u>(85,103)</u>	<u>35,237</u>	<u>(69,007)</u>	<u>30,581</u>

Baineann gach méid thuas le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Cuid de na cuntais seo is ea na nótaí ar leathanaigh 16 go 27

Martin Higgins  
Ardoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 28 Meitheamh 2013



**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**  
**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

**RÁITEAS AR NA GNÓTHACHAIN AGUS NA CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA**  
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

Nótaí	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Barrachas/(Easnamh) don tréimhse	85,103	35,237	69,007	30,581
Gnóthachain (caillteanas) achtúireach ar dhliteanas pinsin 7(b) 140,000		(4,133,000)	161,000	(3,351,000)
Aistrithe (Isteach) / Amach as an Scéim	37,000	(37,000)	30,000	(32,000)
Coigeartú ar an gcistiú pinsin iarchurtha	4,096,000	(198,000)	3,321,000	(172,000)
<b>Gnóthachan/(caillteanas) aitheanta iomlán don Tréimhse</b>	<b><u>85,103</u></b>	<b><u>35,237</u></b>	<b><u>69,007</u></b>	<b><u>30,581</u></b>

Cuid de na cuntais seo is ea na nótaí ar leathanaigh 16 go 27

Martin Higgins  
 Ardoifigeach Feidhmiúcháin  
 Dáta: 28 Meitheamh 2013

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

**CLÁR COMHARDAITHE  
amhail ar 31 Nollaig 2012**

	<b>Nótaí</b>	<b>2012 €</b>	<b>2011 €</b>	<b>2012 GBP</b>	<b>2011 GBP</b>
<b>Sócmhainní Seasta</b>					
Sócmhainní Inláimhsithe	6	1,065,066	1,180,333	869,200	985,932
<b>Sócmhainní Reatha</b>					
	7	418,402	610,169	341,458	509,674
<b>Dlíteanais Reatha</b>					
Creidiúnaithe - méideanna a dhlífear laistigh de bhliain	8	(242,965)	(349,629)	(198,284)	(292,045)
<b>Glansócmhainní / (Dlíteanais) Reatha</b>					
		175,437	260,540	143,174	217,629
<b>Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha roimh Phinsin</b>					
		<u>1,240,503</u>	<u>1,440,873</u>	<u>1,012,374</u>	<u>1,203,561</u>
	17(d)	10,642,000	5,820,000	8,685,000	4,861,000
Dlíteanais Pinsin	17(b)	(10,642,000)	(5,820,000)	(8,685,000)	(4,861,000)
<b>Glansócmhainní / (Dlíteanais)</b>					
		<u>1,240,503</u>	<u>1,440,873</u>	<u>1,012,374</u>	<u>1,203,561</u>
<b>Arna maoiniú ag:</b>					
<b>Caipiteal &amp; Cúlchistí</b>					
Cúlchiste Ginearálta	13	175,437	260,540	143,174	217,629
Cúlchiste an Deontais Chaipitil	9	<u>1,065,066</u>	<u>1,180,333</u>	<u>869,200</u>	<u>985,932</u>
		<u>1,240,503</u>	<u>1,440,873</u>	<u>1,012,374</u>	<u>1,203,561</u>

Cuid de na cuntais seo is ea na nótaí ar leathanaigh 16 go 27

Martin Higgins  
Ardoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 28 Meitheamh 2013

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia  
Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

**RÁITEAS AR AN SREABHADH AIRGID  
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

	Nótaí	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
<b>Glansreabhadh airgid isteach/(amach) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	10	32,830	(168,461)	21,495	(152,025)
<b>Caiteachais caipitil &amp; infheistíocht airgeadais</b> Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach	6	(20,522)	(108,452)	(16,641)	(94,123)
<b>Glansreabhadh airgid isteach / (amach) roimh mhaoiniú</b>		12,308	(276,913)	4,854	(246,148)
<b>Maoiniú</b> An Cistiú Caipitil a Fuarthas		<u>20,522</u>	<u>108,452</u>	<u>16,641</u>	<u>94,123</u>
<b>Méadú/(laghdú) in airgead tirim/iarmhéideanna bainc</b>	11	<u>32,830</u>	<u>(168,461)</u>	<u>21,495</u>	<u>(152,025)</u>

Cuid de na cuntais seo is ea na nótaí ar leathanaigh 16 go 27

Martin Higgins  
Ardoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 28 Meitheamh 2013

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia  
Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

**NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA CUNTAIS**

**1. Beartais Chuntasaíochta**

**1.1 Gnásanna Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir gnásanna an chostais stairiúil.

Gan teorainn a chur leis an eolas a sholáthraítear, ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe agus géilleann siad do riachtanais chuntasaíochta agus nochta an Companies (Northern Ireland) Order 1986, Achtanna na gCuideachtaí i bPoblacht na hÉireann 1963 go 2012, na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint nó arna nglacadh ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus na riachtanais chuntasaíochta agus nochta arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a mhéid is riachtanais cuí iad na riachtanais sin.

**1.2 Ioncam**

Is ionann ioncam agus deontais ioncam is infhaighte ón Roinn Sláinte agus ón Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí.

**1.3 Sócmhainní Seasta**

**a)** Áirítear sócmhainní Seasta Inláimhsithe ar chostas stairiúil don Bhord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia.

**b)** Áirítear dímheas chun costas sócmhainní inláimhsithe a luachanna athluacháilte a dhíscríobh thar thréimhse a saolré fhóna.

Seo a leanas na modhanna a glacadh agus na rátaí sa bhliain a úsáideadh:

Trealamh Oifige	15% Líne Dhíreach
Trealamh Ríomhaire	33.3% Líne Dhíreach
Costais Maoine & Feistis	4% Líne Dhíreach
Fearais & Feistis	10% Líne Dhíreach
Tionscadal Caipitil LIMS	33.3% Líne Dhíreach

**c)** Gearrtar dímheas i mbliain an cheannaigh ach ní i mbliain an chuir de láimh.

**d)** Déantar Sócmhainní Seasta a chaipitliú a luaithe a sháraíonn siad €650 (GBP423).

## **An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**

### **Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

#### **1.4 Cáin Bhreisluacha**

Níl ar chumas an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia CBL a athéileamh agus áirítear CBL mar chaiteachas nó i luach caipitil Sócmhainní Seasta.

#### **1.5 Pinsin**

Tá FRS17 glactha ag an mBord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia i dtaca le cuntas a thabhairt ar phinsin.

Bunaíodh an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas faoi na Comhlachtaí Feidhmiúcháin Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann le héifeacht ón 29 Aibreán 2005. Scéim sochar sainithe is ea é a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead arna soláthar ag Státchistí an RA agus na hÉireann. Riarthóir seachtrach a dhéanann an scéim a riaradh. Cuireann an Roinn Sláinte cistiú ar fáil don chomhlacht ón Státchiste. Déanann Státchiste an RA cion Thuaisceart Éireann de na sochair a íocadh sa bhliain a íoc díreach leis an riarthóir.

Clúdaíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 17 sochair scoir. Áiríodh an dliteanas ag 31 Nollaig 2012 sna ráitis airgeadais agus cuireadh nóta nocha (Nóta 17) ar áireamh, inar mionsonraíodh ríomhanna an athbhreithnithe achtúirigh, a rinne Xafinity Consulting. Áirítear air sin torthaí ríomh na ndliteanas pinsin agus costas fhostaithe (agus iar-fhostaithe) an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia chun críocha na gcuntas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 agus figiúr comparáideach don bhliain 2011.

Léiríonn costais pinsin na sochair pinsin a thuill fostaithe sa tréimhse. Aithnítear méid is ionann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is gur suim inaisghafa é, agus déantar é a fhritháireamh in aghaidh deontas a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a mhaoiniú. Is ionann dliteanais pinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Sócmhainn chomhfhreagrach is ea cistiú iarchurtha pinsin, ós rud é gur acmhainní iad a chuirfear ar fáil i dtréimhse amach anseo ó Státchistí an RA agus na hÉireann ar an tslí atá luaite thuas.

Léirítear gnóthachain agus dliteanais ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is inaisghafa ó Státchistí an RA agus na hÉireann.

Ó 2012 amach, aithnítear an Costas Reatha Seirbhíse mar chomhlán ranníocaíochtaí na mball. Sna blianta roimhe sin ba é an nós ranníocaíochtaí na mball a aithint mar mhíreanna ar leith laistigh den nóta pinsean. Gach figiúr i mblianta roimhe seo a bhfuil tionchar ag an athrú seo orthu, athshonraíodh iad sna cuntais seo.

#### **1.6 Caiteachas ar Chláir Taighde**

Na costais a bhain le Conarthaí Taighde a áiríodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, bunaíodh iad ar chaiteachas dlite agus iníoctha sa bhliain de bhun conarthaí taighde formheasta.

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

#### 1.7 Cúlchiste an Deontais Chaipitil

Is ionann Cuntas Cúlchiste an Deontais Chaipitil luach neamh-amúchta an ioncain a úsáideadh chun críocha caipitil.

#### 1.8 Tuairisciú Airgeadra

Tuairiscítear bearta agus iarmhéideanna an Bhoird i bhfoirm euro agus steirling. Is é an euro airgeadra oibre an Bhoird agus taifeadtar bearta san airgeadra sin. Taifeadtar bearta in airgeadraí eile i euro ag an ráta malairte is infheidhme ar dháta an bhirt. Sócmhainní agus dliteanais airgeadúla in airgeadraí eile, déantar iad a aistriú go euro ag na rátaí malairte is infheidhme ag dáta an chláir chomhardaithe (ráta deiridh). Aistrítear gnóthachain agus cailteanais fóraithe go dtí an Cuntas Ioncain agus Caiteachais.

Ag deireadh bliana aistrítear na ráitis airgeadais go steirling. Aistrítear an Cuntas Ioncain agus Caiteachais ag úsáid an mheánráta mhalairte don bhliain (2012 - 0.81087, 2011 - 0.86788) agus aistrítear an Clár Comhardaithe leis an ráta malairte deiridh (2012 - 0.81610, 2011 - 0.85530). Léirítear coigeartuithe ar airgeadra ag éirí ó aistriú na ráiteas airgeadais sa Ghlanreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin (Nóta 10), Cúlchiste an Deontais Chaipitil (Nóta 9). Cúlchiste Ginearálta (Nóta 13).

#### 2. a) Deontais ó na Ranna

##### Tréimhse Airgeadais 1 Eanáir, 2012 go 31 Nollaig, 2012

	Nóta:	DOH €	DOH GBP	DHSSPS €	DHSSPS GBP	IOMLÁN €	IOMLÁN GBP
Deontas Ioncain		5,235,995	4,245,711	2,436,398	1,975,602	7,672,393	6,221,313
Cuntas Caipitlío chta	9	14,005	11,356	6,517	5,285	20,522	16,641
		<u>5,250,000</u>	<u>4,257,067</u>	<u>2,442,915</u>	<u>1,980,887</u>	<u>7,692,915</u>	<u>6,237,954</u>

##### Tréimhse Airgeadais 1 Eanáir, 2011 go 31 Nollaig, 2011

	Nóta:	DOH €	DOH GBP	DHSSPS €	DHSSPS GBP	IOMLÁN €	IOMLÁN GBP
Deontas Ioncain		5,873,342	5,097,356	2,436,019	2,114,172	8,309,361	7,211,528
Cuntas Caipitlío chta	9	76,658	66,530	31,794	27,593	108,452	94,123
		<u>5,950,000</u>	<u>5,163,886</u>	<u>2,467,813</u>	<u>2,141,765</u>	<u>8,417,813</u>	<u>7,305,651</u>

Faigheann an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia deontais ón Roinn Sláinte (DOH) agus ón Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí (DHSSPS). Is iad na méideanna faoi seach DOHC 68% (2011, 71%), and DHSSPS 32% (2011, 29%).

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

Taifeadtar na deontais bhronnta ar ráta malartaithe plean gnó ar mhaithe le buiséadú agus ag an ráta malairte an dáta fheidhmithe iarbhír maidir leis na ráitis airgeadais.

#### b) Ioncam Eile

	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Ús Bainc	1,402	2,075	1,137	1,801
Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean	726,000	631,000	588,691	547,632
	<u>727,402</u>	<u>633,075</u>	<u>589,828</u>	<u>549,433</u>

### 3. Costais Foirne

a) Ba é meánlíon seachtainiúil na foirne (lena n-áirítear foireann ghníomhaireachta):

Stiúrthóireachtaí	2012	2011
An Ardbhainistíocht	5	5
Oibríochtaí Corparáideacha	13	12
Eolaíocht an Bhia	6	6
Sláinte & Cothú an Duine	3	4
Margaíocht & Cumarsáid	<u>7</u>	<u>6</u>
Iomlán	<u>34</u>	<u>33</u>

b) Ba iad na costais a tabhaíodh i ndáil leis na baill foirne sin:

	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Costais Tuarastail	1,705,603	1,662,056	1,383,022	1,442,465
ÁSPC an Fhostóra	139,921	132,110	113,458	114,656
Foireann Ghníomhaireachta	17,854	74,744	14,477	64,869
Costais Pinsin:				
Costais Reatha Seirbhíse Pinsin	751,973	656,973	609,752	570,174
	<u>2,615,351</u>	<u>2,525,883</u>	<u>2,120,709</u>	<u>2,192,164</u>

I gcaitheamh na bliana, rinneadh €106,870 (£86,658) d'asbhaintí a bhain le pinsin, faoi na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009, leasaithe, agus íocadh iad leis an Roinn Sláinte.

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

Líonadh post an Bhainisteora Airgeadais, a bhí folamh, ar bhonn sealadach sa bhliain 2010. Rinne an Chúirt Oibreachais moladh go ndéanfaí an post a athghrádú. Cuireadh an cheist ar aghaidh go dtí na Ranna coimircíochta dá mbreithniú, agus líonfar an post go buan a luaithe a bheidh an cheist grádaithe soiléirithe.

- c) Seo a leanas líon na bhfostaithe ag deireadh bliana ar thit a gcuid luachanna saothair (lena n-áirítear ranníocaíochtaí pinsin) laistigh de na bandaí seo a leanas (is ionann seo agus na luachanna saothair bhliantúla):-

	2012	2011
€40,001- 50,000	6	7
€50,001- 60,000	2	2
€60,001- 70,000	4	4
€70,001- 80,000	3	4
€80,001- 90,000	2	1
€90,001-100,000	2	2
€100,001-110,000	0	0
€110,001-120,000	1	1

- d) Cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil i dtaca leis an bhFoireann Ardbhainistíochta:-

	Luach Saothair	Luach Saothair	Fíormhéad ú / (Laghú) i bPinsean Tuillte	Fíormhéad ú / (Laghú) i bPinsean Tuillte	Luach an Phinsin Fabhrait he ag deireadh bliana	Luach an Phinsin Fabhrait he ag deireadh bliana	Aois (blianta)
	€	GBP	€	GBP	€	GBP	
Mr M Higgins (PF)	117,901	95,602	1,135	920	58,951	48,110	57

Mr Ray Dolan (Stiúrthóir, Oibríochtaí Corparáideacha), an Dr. Gary Kearney (Stiúrthóir, Eolaíocht an Bhia),  
Choimeád an Dr. Clíodhna Foley-Nolan (Stiúrthóir, Sláinte agus Cothú an Duine) agus Ms Fiona Gilligan (Stiúrthóir, Margaíocht agus Cumarsáid) siar a gcead chun an t-eolas thuas a nochtadh.

- e) Seo a leanas na táillí a íocadh le baill an bhoird sa bhliain 2012:-

	2012	2011	2012	2011
	€'000	€'000	GBP'000	GBP'000
Lynn Ni Bhaoigheallain	10-15	5-10	10-15	5-10
Darina Allen*	1-3	-	1-2	-
Julie Andrews	5-10	-	5-10	-
Thomas Burns	5-10	-	5-10	-



## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

Brendan Kehoe	5-10	-	5-10	-
Alan McGrath	5-10	-	5-10	-
Helen O Donnell	5-10	-	5-10	-
Edward Spelman	5-10	-	5-10	-
Hannah Su	5-10	-	5-10	-
Campbell Tweedie	5-10	5-10	5-10	5-10
Mary Upton	5-10	-	5-10	-
Jane Wells	5-10	5-10	5-10	5-10

\*Dhiúltaigh Darina Allen glacadh le híocaíocht de tháillí boird ó Mhárta 2012 ar aghaidh. Ba é €85,131 (£69,030) iomlán na dtáillí a íocadh le baill den Bhord Comhairleach in 2012. Níor cuireadh aon sochar comhchineála ar fáil don Ardbhainistíocht ná do bhaill an Bhoird Chomhairligh.

Íocadh €10,763 (£8,727) san iomlán le baill an Bhoird Chomhairligh chun costais taistil agus cothabhála a chúiteamh. Áirítear an méid sin sna costais taistil agus cothabhála a nochtar i nóta 4.

#### 4. Costais Oibriúcháin Eile

	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Cíos & Leictreachas	581,385	576,321	471,428	500,178
Táillí Comhairleoireachta	0	7,495	0	6,505
Priontáil, Tuarascálacha & Litríocht	480	7,600	389	6,596
Taisteal & Cothabháil	198,677	192,233	161,101	166,835
Tacaíocht Ríomhaire	131,528	130,079	106,652	112,893
Teileafón	44,610	48,793	36,173	42,346
Postas & Páipéarachas	29,600	24,803	24,002	21,526
Costais Cruinnithe*	5,305	7,347	4,302	6,376
Costais Oifige**	57,405	55,456	46,548	48,129
Éagsúlacht Airgeadra	49,588	(4,801)	40,209	(4,167)
Costais Earcaíochta	22,786	5,294	18,476	4,595
Fógraíocht	338	7,331	274	6,362
Oiliúint	52,987	57,895	42,966	50,246
Árachas	22,091	26,770	17,913	23,233
Síntiúis	17,764	16,310	14,404	14,155
Luach Saothair an Iniúcháin	19,270	19,270	15,625	16,724
Táillí Dlí & Gairmiúla	61,691	77,421	50,023	67,192
Glanadh & Lónadóireacht	40,107	38,843	32,522	33,711
Cothabháil & Deisiúchán	56,794	84,136	46,053	73,020
Táillí Bainc	2,145	2,258	1,739	1,960
Ánrachtaí	197,723	271,263	160,328	235,424
Tionscnaimh Bhia Pobail	108,311	196,111	87,826	170,201
Caillteanas - Sócmhainn	936	8,794	759	7,632
Sheasta a Cuireadh de Láimh	4,607	0	3,736	0
Comhionannas & Míchumas				
	<b>1,706,128</b>	<b>1,857,022</b>	<b>1,383,448</b>	<b>1,611,672</b>

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

\* Ba é €1,380/£1,119 (2011 €1,739/£1,509) an cion fáilteachais ag cruinnithe sa bhliain 2012.

\*\* Roinneadh costais oifige le haghaidh 2012 agus figiúirí comparáideacha le haghaidh 2011 le

héagsúlacht airgeadra ar bhearta airgid a thaispeáint ar líne ar leith.

#### 5. Caiteachas ar Chláir Taighde

	<b>2012</b>	<b>2011</b>	<b>2012</b>	<b>2011</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>GBP</b>	<b>GBP</b>
Ceimic & Tocsaineolaíocht	25,000	108,548	20,272	94,207
Eolaíocht an Bhia	251,110	5,050	203,617	4,383
Sláinte agus Cothú an Duine	797,842	537,258	646,946	466,275
Micribhitheolaíocht & Faireachas	25,000	268,338	20,272	232,885
	<u>1,098,952</u>	<u>919,194</u>	<u>891,107</u>	<u>797,750</u>

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**  
**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

**6. Sócmhainní Seasta**

	<b>Oifig Trealamh</b>	<b>Réadmha oin &amp; Feistiú Costas</b>	<b>Fearais &amp; Feistis</b>	<b>Trealamh Ríomhaire &amp; Bogearraí</b>	<b>Tionscadal Caipitil LIMS</b>	<b>Iomlán</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Costas nó Luacháil</b>						
Ag 1 Eanáir 2012	390,892	1,811,949	208,614	559,125	429,321	3,399,901
Breiseanna	0	0	0	20,522	0	20,522
Nithe a cuireadh de láimh	0	0	0	(68,385)	0	68,385
Ag 31 Nollaig 2012	390,892	1,811,949	208,614	511,262	429,321	3,352,038
<b>Dímheas</b>						
Ag 1 Eanáir 2012	385,367	742,899	189,281	472,700	429,321	2,219,568
Soláthar don bhliain	1,161	70,758	4,046	58,888	0	134,853
Nithe a cuireadh de láimh	0	0	0	(67,449)	0	67,449
Ag 31 Nollaig 2012	386,528	813,657	193,327	464,139	429,321	2,286,972
<b>NBV ag 31 Nollaig 2012</b>	4,364	998,292	15,287	47,123	0	1,065,066
<b>NBV ag 31 Nollaig 2011</b>	5,525	1,069,050	19,333	86,425	0	1,180,333
	<b>GBP</b>	<b>GBP</b>	<b>GBP</b>	<b>GBP</b>	<b>GBP</b>	<b>GBP</b>
<b>NBV ag 31 Nollaig 2012</b>	3,561	814,706	12,476	38,457	0	869,200
<b>NBV ag 31 Nollaig 2011</b>	4,615	892,977	16,149	72,191	0	985,932

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

#### 7. Sócmhainní Reatha

	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Féichiúnaithe	32,270	50,566	26,336	42,238
Réamhíocaíochtaí & Ioncam	77,396	283,697	63,163	236,972
Fabhráithe	308,736	275,906	251,959	230,464
Airgead sa bhanc agus ar láimh				
	418,402	610,169	341,458	509,674

#### 8. Creidiúnaithe (méideanna a dhlífear laistigh de bhliain)

	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Creidiúnaithe & Fabhrúithe	242,965	349,629	198,284	292,045

#### 9. Cúlchiste an Deontais Chaipitil

	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Iarmhéid Tosaigh	1,180,333	1,240,287	985,932	1,067,577
Breiseanna Caipitil	20,522	108,452	16,641	94,123
Lúide an méid a scaoileadh leis an gCuntas Ioncaim & Cait. *	(135,789)	(168,406)	(110,107)	(146,156)
Coigeartú le haghaidh Athrú Airgeadra			(23,266)	(29,610)
	1,065,066	1,180,333	869,200	985,932

#### \*Méid a scaoileadh isteach sa Chuntas Ionc. & Cait

	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Amúchta ar aon dul le dímheas	(134,853)	(159,612)	(109,348)	(138,524)
Méid a scaoileadh tar éis sócmhainní seasta a bheith curtha de láimh	(936)	(8,794)	(759)	(7,632)
	(135,789)	(168,406)	(110,107)	(146,156)

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

#### 10. Glan-insreabhadh Airgid / (Eis-Sreabhadh ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Barrachas (Easnamh) don tréimhse	(85,103)	35,237	(69,007)	30,581
Aistriú ó Chúlchiste an Deontais Chaipitil	(135,789)	(168,406)	(110,107)	(146,156)
Táillí Dímheasa	134,853	159,612	109,348	138,524
Caillteanas Diúscartha Caipitil	936	8,794	759	7,632
(Méadú)//Laghdú ar Fhéichiúnaithe	224,597	(185,884)	189,711	(151,493)
(Méadú)//Laghdú ar Chreidiúnaithe	(106,664)	(17,814)	(93,761)	(24,232)
Coigeartú le haghaidh Athrú Airgeadra			(5,448)	(6,881)
	32,830	(168,461)	21,495	(152,025)

Léiríonn an coigeartú reatha maidir le haistriú airgeadra an méid gluaiseachta i luach na sócmhainní agus na ndliteanas reatha is inchurtha don athrú i rátaí malairte ó cheann ceann na bliana.

#### 11. Anailís ar na hiarmhéideanna airgid a thaispeántar ar an gClár Comhardaithe

	Ag 01.01.12 €	Sreabhadh Airgid €	Ag 31.12.12 €
Cuntas Euro	187,238	51,719	238,957
Cuntas Steirling	92,689	(15,480)	77,209
Cuntas Taisce	2,264	(215)	2,049
Mionairgead	574	(123)	451
Cártaí Creidmheasa	(6,859)	(3,071)	(9,930)
Iomlán	275,906	32,830	308,736

#### 12. Gníomhaíochtaí Tionscnaimh

	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Costais na Meán	2,249,337	2,563,387	1,823,920	2,224,712
Costais Mhargaíochta	255,606	490,865	207,263	426,012
Imeachtaí	272,754	113,260	221,168	98,296
Foilseacháin	62,134	157,965	50,383	137,095
Urraíocht ar Thionscadail & ar Chomhdhálacha	53,298	110,551	43,218	95,945
Forbairt Oideachasúil	57,102	49,123	46,302	42,633
Gníomhaíochtaí Líne Cabhraí	30,041	32,749	24,359	28,422

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

2,980,272	3,517,900	2,416,613	3,053,115
-----------	-----------	-----------	-----------

#### 13. Cúlchiste Ginearálta

	2012 €	2011 €	2012 GBP	2011 GBP
Iarmhéid Tosaigh	260,540	225,303	217,629	193,929
Barrachas/(Easnamh)	(85,103)	35,237	(69,007)	30,581
Coigeartú le haghaidh Athrú Airgeadra			(5,448)	(6,881)
Iarmhéid Deiridh	175,437	260,540	143,174	217,629

#### 14. Bearta Páirtithe Gaolmhara

Comhlacht feidhmiúcháin trasteorann is ea Bord Chur chun cinn na Sábháilteachta Bia a urraíonn an Roinn Sláinte agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sláinte agus Sábháilteacht Phoiblí a mbreathnaítear orthu mar pháirtithe gaolmhara. I gcaitheamh na bliana ba iad na ranna sin a chuir formhór na gcistí ar fáil don Bhord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia agus tharla bearta éagsúla idir na ranna sin agus an Bord.

#### 15. Caiteachas Caipitil sa Todhchaí

Ní raibh aon cheangaltas caipitiúil ar an mBord um Chur chun cinn na Sábháilteachta Bia ag 31 Nollaig 2012.

#### 16. Léasaí /Gealltanais

##### (a) Léasaí Oibriúcháin

Tá gealltanais bhliantúla léasa ag an mBord i dtaca leis na léasaí oibriúcháin ar réadmhaoin mar a n-éagfaidh téarmaí na léasaí mar seo a leanas:

	2012 €	2011 €
Laistigh de 1 Bhliain	(76,772)	-
Idir 2 agus 5 Bliana	-	(76,772)
Breis is 5 Bliana	560,000	560,000
	483,228	483,228

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**  
**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

Miondealaítear mar seo a leanas an cíós bliantúil is iníoctha i dtaca le háitreabh ar cíós:

<b>Suíomh</b>	<b>Dáta Éaga</b>	<b>Cíós iníoctha/ (infhaighte) €</b>	<b>Cíós iníoctha/ (infhaighte) £</b>
Corcaigh	2026	370,000	300,022
Foléas Chorcaí	2013	(76,772)	(62,252)
BÁC	2021	190,000	154,065
Costais bhliantúla iomlána		483,228	391,835

**(b) Gealltanais**

Tá gealltanais ag an mBord i dtaca le conarthaí faofa taighde ag 31 Nollaig 2012 ar fiú €339,005/£276,662 (2011 €1,430,086/£1,194,551) iad.

**17. Pinsin**

An luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS17, bunaíodh é ar luacháil achtúireach amhail ar 31 Nollaig 2012 ag achtúire neamhspleách. Na toimhdí a úsáideadh chun dliteanais scéime amhail ar 31 Nollaig 2012 faoi FRS17 a ríomh:

**a) Na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáid don ríomh**

	<b>2012</b>	<b>2011</b>
Ráta lascaine (Poblacht na hÉireann)	2.70%	4.60%
Ráta lascaine (Tuaisceart Éireann)	4.10%	4.70%
Ráta boilscithe (Poblacht na hÉireann)	2.50%	2.50%
Ráta boilscithe (Tuaisceart Éireann)	1.80%	2.60%
Ráta méadaithe ar thuarastal	4.00%	4.00%
Ráta méadaithe ar phinsin (Poblacht na hÉireann):		
Ar aon dul le méaduithe ar thuarastal	4.00%	4.00%
Ar aon dul leis an CPI	2.50%	2.50%
Ráta méadaithe ar phinsin (Tuaisceart Éireann)	1.80%	2.60%
An meán saoil a bhfuil súil leis ag aois 65 i gcás Fear atá 65 anois	21.4 bli	21.3 bli

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

Bean atá 65 anois	24.0 bl	24.0 bl
Fear atá 45 anois	23.3 bl	23.3 bl
Bean atá 45 anois	25.9 bl	25.9 bl

#### b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin sa bhliain airgeadais

	2012 €'000	2011 €'000	2012 GBP'000	2011 GBP'000
(Easnamh) sa phlean ag 1 Eanáir	(5,820)	(4,991)	(4,861)	(4,296)
Sochair a íocadh i 2011	26	26	21	23
Costas reatha seirbhíse	(475)	(412)	(385)	(357)
Glanastriú isteach i/(amach as) an scéim	(37)	(37)	30	(32)
Ioncam/(muirear airgeadais eile	(277)	(245)	(225)	(213)
Gnóthachan/(cailiteanas) achtúireach	(4,133)	(161)	(3,351)	(140)
Difríochtaí malairte - Comparáidí le GBP			86	154
	<hr/>	<hr/>	<hr/>	<hr/>
(Easnamh) sa phlean ag 31 Eanáir	(10,642)	(5,820)	(8,685)	(4,861)

.....Ar leanúint ar Ich 26

#### (b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin sa bhliain airgeadais, ar leanúint

Seo an anailís ar an ngluaiseacht i (easnamh) sa Phlean sa tréimhse:

	2012 €'000	2011 €'000	2012 GBP'000	2011 GBP'000
Gnóthachan/(cailiteanas)	119	(13)	96	(11)
Gnóthachan/(cailiteanas) ar athrú toimhdí airgeadais	(4,252)	(148)	(3,448)	(129)
Difríochtaí malairte - Comparáidí GBP			1	
	<hr/>	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Gnóthachan/(cailiteanas) achtúireach	(4,133)	161	(3,351)	140



**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**  
**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

**c) Anailís ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain airgeadais**

Seo a leanas an anailís ar an nglanchistiú pinsin iarchurtha:

	<b>2012</b> <b>€'000</b> <b>GBP'000</b>	<b>2011</b> <b>€'000</b>	<b>2012</b> <b>GBP'000</b>	<b>2011</b>
Costas reatha seirbhíse	475	412	385	357
Costas airgeadais eile	277	245	225	213
Sochair a íocadh i 2011	(26)	(26)	(21)	(23)
Difríochtaí malairte – Comparáidí le GBP			(1)	
	—————	—————	—————	
	726	631	588	547
	—————	—————	—————	

Seo a leanas anailís ar na costais reatha seirbhíse pinsin:

	<b>2012</b> <b>€'000</b> <b>GBP'000</b>	<b>2011</b> <b>€'000</b>	<b>2012</b> <b>GBP'000</b>	<b>2011</b>
Costas reatha seirbhíse	475	412	385	357
Costas airgeadais eile	277	245	225	213
Difríochtaí malairte – Comparáidí le GBP			(1)	
	—————	—————	—————	
	752	657	609	570
	—————	—————	—————	

**d) Cistiú Pinsin Iarchurtha**

## An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia

### Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

De réir an chleachtas chuntasaíochta maidir le comhlachtaí Stát-urraithe neamhthráchtála i bPoblacht na hÉireann, aithníonn an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia sócmhainn arbh ionann é agus acmhainní a churfear ar fáil ag Státchistí na RA agus Éireann ar son an dliteanais neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean ar bhonn roinnt ócáidí san am a ghabh romhainn. Áirítear ar na himeachtaí seo an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas i dtaca le maoiniú na bpinsean seirbhíse poiblí sa dá dhlínse lena n-áirítear an próiseas meastacháin bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus mar sin níl aon ráthaíocht ann maidir leis na méideanna áirithe sin leis na comhlachtaí maoinithe, níl aon fhianaise ag an mBord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia nach leanfaidh an beartas maoinithe seo den mhéid seo ar aon dul leis an gcleachtas reatha. Níl an socrú seo ar aon dul leis an gcleachtas cuntasaíochta sa RA mar is amhlaidh nach n-aithnítear dliteanas maoinithe go dtí go dtagann sé le bheith iníoctha, ceal ráthaíocht fhoirmiúil ann.

Ba é an tsócmhainn maoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean ag 31 Nollaig 2012 €10.642m /£8.685m (2011: €5.820m/£4.861m).

	<b>2012</b> <b>€'000</b> <b>GBP'000</b>	<b>2011</b> <b>€'000</b>	<b>2012</b> <b>GBP'000</b>	<b>2011</b>
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir	5,820	4,991	4,861	4,296
(Méadú)/Laghdú i gCistiú Pinsin Iarchurtha	4,822	829	3,824	565
_____	_____	_____	_____	_____
Iarmhéid ag 31 Nollaig	10,642	5,820	8,685	4,861
_____	_____	_____	_____	_____

### e) Stair na nDlitéanas Sochar Sainithe

	<b>2012</b> <b>€'000</b>	<b>2011</b> <b>€'000</b>	<b>2010</b> <b>€'000</b>	<b>2009</b> <b>€'000</b>
(Easnamh) amhail ar 31 Nollaig	(10,642)	(5,820)	(4,991)	(4,599)
Coigeartú taithí ar na dliteanais Ar a n-áirítear gnóthachan/(cailiteanas) ó éifeacht an ráta mhalairte	(119)	(13)	525	(140)
Céatadán na nDlitéanas Scéime	1.1%	0.2%	10.5%	3.0%

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**  
**Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

	<b>2012</b>	<b>2011</b>	<b>2010</b>	<b>2009</b>
	<b>GBP'000</b>	<b>GBP'000</b>	<b>GBP'000</b>	
	<b>GP'000</b>			
(Easnamh) amhail ar 31 Nollaig (4,084)	(8,685)	(4,861)	(4,296)	
Coigeartú taithí ar na dliteanais Ar a n-áirítear gnóthachan/(caillteanas) ó éifeacht an ráta mhalairte (125)	(96)	452	(11)	
Céatadán na nDliteanas Scéime 3.0%	1.1%	0.2%	10.5%	

**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia  
Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

ACCOUNTS DIRECTION

FOOD SAFETY PROMOTION BOARD


ACCOUNTS DIRECTION GIVEN BY THE NORTHERN DEPARTMENT OF HEALTH, SOCIAL SERVICES AND PUBLIC SAFETY AND THE SOUTHERN DEPARTMENT OF HEALTH AND CHILDREN, WITH THE APPROVAL OF THE FINANCE DEPARTMENTS NORTH AND SOUTH, IN ACCORDANCE WITH THE NORTH/SOUTH CO-OPERATION (IMPLEMENTATION BODIES) (NORTHERN IRELAND) ORDER 1999 AND THE SOUTHERN BRITISH-IRISH AGREEMENT ACT 1999.

The annual accounts shall give a true and fair view of the income and expenditure and cash flows for the financial year, and the state of affairs as at the year end. Subject to this requirement, the Body shall prepare accounts for the financial period 2 December 1999 to 31 December 2000 and subsequent financial years in accordance with:

- a. the North/South Implementation Bodies Annual Reports and Accounts Guidance;
- b. other guidance which Finance Departments may issue from time to time in respect of accounts which are required to give a true and fair view;
- c. any other specific disclosures required by sponsoring Departments;


except where agreed otherwise with Finance Departments, in which case the exception shall be described in the notes to the accounts.

Signed by the authority of the  
Department of Health, Social  
Services and Public Safety



Dated 18.06.07

Department of Health  
and Children

  
13 06 07



**An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia  
Cuntais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**